- 4) Ordaítear do Phoblacht na Seice, do Ríocht na Danmhairge, do Phoblacht na Cróite, do Phoblacht na Polainne, don Rómáin, do Phoblacht na Slóivéine agus do Phoblacht na Slóvaice, agus do Ríocht na hIorua agus d'Údarás Faireacháin CSTE a gcostais féin a íoc.

(¹) IO C 297 07.09.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 16 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón
Administrativen sad – Silistra – an Bhulgáir) – DB, LY v Nachalnik na Rayonno upravlenie Silistra pri
Oblastna direktsia na Ministerstvo na vatreshnite raboti – Silistra**

(Cás C-520/20) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – An dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) – Cinneadh 2007/533/CGB – Airteagail 38 agus 39 – Foláireamh maidir le rud a bhfuiltear sa tóir air – Cuspóirí foláirimh – Urghabháil nó úsáid mar fhianaise in imeachtaí coiriúla – Forghníomhú – Bearta agus gníomhaíocht is gá a dhéanamh bunaithe ar foláireamh – An rud urghafa a chur ar ais chuig an mBallstát a d’eisigh an foláireamh – Reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear léi diúltú an foláireamh a fhorghníomhú)

(2022/C 294/08)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Administrativen sad – Silistra

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: DB, LY

Cosantóir: Nachalnik na Rayonno upravlenie – Silistra pri Oblastna direktsia na Ministerstvo na vatreshnite raboti – Silistra

An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagal 39 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (SIS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid a léirmhíniú sa chaoi nach gcuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta faoina gceanglaítear ar údarais inniúla sa Bhallstát forghníomhaitheach foláireamh a fhorghníomhú a iontráiltear rud sa dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen, cé go bhfuil amhras orthu faoi na forais chun foláireamh den sórt sin a iontráil mar a leagtar amach in Airteagal 38(1) den Chinneadh sin.

⁽¹⁾ IO C 433 14.12.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 16 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó
Finanzgericht Köln – an Ghearmáin) – ACC Silicones Ltd. v Bundeszentralamt für Steuern**

(Cás C-572/20) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Saorghluaiseacht caipitil – Díbhinní ó scaireanna saor-chomhlúthachta – Aisíocaíocht cánach ar ioncam ó chaipiteal arna íoc ag cuideachta neamhchónaitheach – Coinníollacha – Saorghluaiseacht caipitil – Prionsabal na comhréireachta)

(2022/C 294/09)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Finanzgericht Köln

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: ACC Silicones Ltd.

Cosantóir: Bundeszentralamt für Steuern

An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagal 63 CFAE a léiriú amhail go gcuirtear cosc ar fhoráil de reachtaíocht chánach Ballstáit lena gcuirtear aisíocaíocht cánach ar ioncam ó chaipiteal arna íoc ar dhíbhinní ó scairshealbha faoi bhun na dtairseach a leagtar síos le Treoir 90/435/CEE ón gComhairle an 23 Iúil 1990 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar mháthairchuideachtaí agus fochuideachtaí Ballstát éagsúil, arna leasú le Treoir 2003/123/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 2003, arna fháil ag cuideachta atá bunaithe i mBallstát eile faoi réir cruthúnas nach féidir an cháin sin a fhritháireamh nó nach féidir an fhritháireamh a thabhairt ar aghaidh i bhfabhar na cuideachta sin, nó i bhfabhar a scairshealbhóirí díreacha nó indíreacha, ná a asbhaint ag an gcuideachta sin mar eisíocaíochtaí a bhaineann leis an obair nó mar chostais oibriúcháin, sa chás nach bhforáiltear do choinníoll den sórt sin maidir le haisíocaíocht cánach ar ioncam ó chaipiteal arna íoc ag cuideachta chónaitheach a fhaigheann an cineál céanna ioncaim.

(¹) IO C 53 15.02.2021

Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Dara Dlísheomra) an 9 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – “Baltic Master” UAB v Muitinès departamentas prie Lietuvos Respublikos finansų ministerijos

(Cás C-599/20) (¹)

(Tarchur chun réamhrialú – Aontas custaim – Cód Custaim an Chomhphobail – Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 – Airteagal 29 – Luach custaim a chinneadh – Luach idirbhirt – Airteagal 29(1)(d) – Coincheap “daoine gaolmhara” – Airteagal 31 – Faisnéis ó bhunachar sonraí náisiúnta a bhreithniú chun luach custaim a chinneadh – Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 – Airteagal 143(1)(b), (e) agus (f) – Cásanna ina measfar daoine a bheith gaolmhar – Airteagal 181a – Amhrais bunaithe ar fhúinne an phraghais dhearbhaite)

(2022/C 294/10)

Teanga an cháis: an Liotuáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: “Baltic Master” UAB

Cosantóir: Muitinès departamentas prie Lietuvos Respublikos finansų ministerijos

Idiragraí: Vilniaus teritorinė muitinė

An chuid oibríochtúil

1) Ní mór Airteagal 29(1)(d) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992 ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 82/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 19 Nollaig 1996, agus Airteagal 143(1)(b), (e) agus (f), de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993, lena leagtar síos forálacha áirithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 46/1999 ón gCoimisiún an 8 Eanáir 1999, a léiriú amhail:

- nach bhféadfar a mheas go bhfuil an ceannaitheoir agus an díoltóir ina gcomhpháirtithe de réir dlí ná go bhfuil gaol eatarthu mar gheall ar chaidreamh rialaithe de jure, díreach nó indíreach, i gcás nach bhfuil aon doiciméad ann chun caidreamh den sórt sin a bhunú;
- go bhféadfar a mheas go bhfuil gaol idir an ceannaitheoir agus an díoltóir mar gheall ar chaidreamh rialaithe de facto, díreach nó indíreach, i gcás ina bhféadfaí a mheas go léiríonn na himthosca a bhaineann le tabhairt i gcrích na n-idirbheart i gceist, arna bhfianú le heilimintí oibiachtúla, ní hamháin go bhfuil dlúthchaidreamh muiníne idir an ceannaitheoir sin agus an díoltóir sin, ach go bhfuil duine acu in ann srian nó treoir a fheidhmiú ar an duine eile nó go bhfuil tríú páirtí in ann srian nó treoir mar sin a fheidhmiú ina leith.

- 2) Ní mór Airteagal 31(1) de Rialachán Uimh. 2913/92, arna leasú le Rialachán Uimh. 82/97, a léiriú amhail nach gcuireann sé cosc ar chinneadh luach custaim earraí allmhairithe, i gcás nach bhféadfaí é a chinneadh i gcomhréir le hAirteagail 29 agus 30 den Rialachán sin, ar bhonn faisnéis atá i mbunachar sonraí náisiúnta a bhaineann le luach custaim earraí a bhfuil an tionscnamh céanna acu agus atá, cé nach bhfuil siad “cosúil”, de réir bhrí Airteagal 142(1)(d) de Rialachán Uimh. 2454/93, arna leasú le Rialachán Uimh. 46/1999, sannta don chód TARIC céanna.

(¹) IO C 35, 01.02.2021

Breithiúnas na Cúirte (Dlísheomra) an 9 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal judiciaire d'Auch (Cúirt Auch, an Fhrainc) – EP v Préfet du Gers, Institut national de la statistique et des études économiques (INSEE))

(Cás C-673/20) (¹)

(Tarchur chun réamhrialú – Saoránacht an Aontais – Náisiúnach den Ríocht Aontaithe a bhfuil cónaí air i mBallstát – Airteagal 9 CAE – Airteagail 20 agus 22 CFAE – an ceart chun vótála agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát cónaithe – Airteagal 50 CAE – Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach – Iarmhairtí ar Bhallstát a tharraingt siar ón Aontas – Baint den rolla toghthóirí sa Bhallstát cónaithe – Airteagail 39 agus 40 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Bailíocht Chinneadh (AE) 2020/135)

(2022/C 294/11)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal judiciaire d'Auch

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: EP

Cosantóir(í): Préfet du Gers, Institut national de la statistique et des études économiques (INSEE)

Idiragraí: Maire de Thoux

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagail 9 agus 50 CAE agus Airteagail 20 go 22 CFAE, arna léamh i gcomhar leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a glacadh an 17 Deireadh Fómhair 2019 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020, a léirmhíniú go gciallaítear leo, ó tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach an 1 Feabhra 2020, nach bhfuil stádas mar shaoránach de chuid an Aontais ag náisiúnaigh an Stáit sin a d'fheidhmigh a gceart chun cónaí i mBallstát roimh dheireadh na hidirthréimhse a thuilleadh ná, go sonrach, faoi Airteagal 20(2)(b) agus 22 CFAE, an ceart chun vótála agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha ina mBallstát cónaithe, lena n-áirítear i gcás ina mbaintear de cheart díobh freisin, faoi dhlí an Stáit ar náisiúnaigh de iad, an ceart chun vótála i dtoghcháin arna réachtáil ag an Stát sin.

- 2) Níor léiríodh aon ghné sa scrúdú ar an tríú agus ar an gceathrú ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú dá leithéid lena ndéanfaí difear do bhailíocht Chinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

(¹) IO C 98, an 22.03.2021.

Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Deichiú Dlísheomra) an 9 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad – an Bhulgáir) – Direktor na Agentsia “Mitnitsi” v “IMPERIAL TOBACCO BULGARIA” EOOD

(Cás C-55/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Dleachtanna máil – Treoir 2008/118/CE – Airteagal 11 – Aisíoc na ndleachtanna máil is infheidhme ar earraí máil a scaoileadh lena dtomhailt – Treoir 2011/64/AE – Airteagal 17(1)(b) – Aisíocaíocht na dleachta máil a íocadh cheana, trí bhíthin marcálacha cánach, arna ngreamú de thobac monaraithe arna scriosadh faoi mhaoirseacht riaracháin – Oibleagáid na mBallstát rialacháin a ghlacadh lena bhforáiltear d’aisíoc dleachtanna máil ar thobac monaraithe a scaoiltear lena thomhailt agus a scriostar faoi mhaoirseacht chustaim – Neamhláithreacht)

(2022/C 294/12)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Varhoven administrativen sad

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Direktor na Agentsia “Mitnitsi”

Cosantóir: “IMPERIAL TOBACCO BULGARIA” EOOD

An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagal 11 de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle, an 16 Nollaig 2008, maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE, agus Airteagal 17(1)(b) de Threoir 2011/64/AE ón gComhairle, an 21 Meitheamh 2011, maidir le struchtúr agus rátaí na ndleachtanna máil a chuirtear i bhfeidhm ar thobac monaraithe, a léirmhíniú sa chiall nach gceanglaítear leis na forálacha sin ar Bhallstáit foráil a dhéanamh maidir le dleacht máil ar earraí atá faoi réir dleachta máil a aisíoc, lena n-áirítear tobac monaraithe, atá scriosta faoi mhaoirseacht chustaim, a scaoileadh cheana lena thomhailt.

⁽¹⁾ IO C 128, 12.04.2021

Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Cúigiú Dlísheomra) an 9 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Kúria – an Ungáir) – FAWKES Kft. v Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

(Cás C-187/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 – Cód Custaim an Chomhphobail – Airteagal 30(2)(a) agus (b) – Luach custaim – Luach idirbhirt earraí comhchosúla a chinneadh – Bunachar sonraí arna bhunú agus arna bhainistiú ag an údarás custaim náisiúnta – Bunachair sonraí arna mbunú agus arna mbainistiú ag údarás custaim Bhallstát eile agus ag seirbhísí an Aontais Eorpaigh – Earraí comhionanna nó earraí comhchosúla a onnmhairítear chuig an Aontas “ag an am céanna nó thart ar an am céanna”)

(2022/C 294/13)

Teanga an cháis: an Ungáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Kúria

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: FAWKES Kft.

Cosantóir: Nemzeti Adó- és Vámhivatal Fellebbviteli Igazgatósága

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 30(2)(a) agus (b) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1992, ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail, a léiriú amhail go bhféadfaidh údarás custaim Ballstáit, nuair a bheidh an luach custaim á chinneadh i gcomhréir leis an bhforáil sin, úsáid a bhaint as na sonraí atá sa bhunachar sonraí náisiúnta a choimeádann sé agus a riarann sé, gan é a bheith de dhualgas air, i gcás gur leor na sonraí sin chun na críche sin, rochtain a fháil ar fhaisnéis atá i seilbh údaráis custaim Bhallstát eile nó institiúidí agus seirbhísí an Aontais Eorpaigh, gan dochar, nuair nach amhlaidh an cás, don fhéidearthacht atá ag an údarás custaim sin iarraidh a dhíriú chuig na húdaráis sin nó chuig na hinstiúidí agus na seirbhísí sin chun sonraí breise a fháil chun críocha an chinnidh sin.
- 2) Ní mór Airteagal 30(2)(a) agus (b) de Rialachán 2913/92 a léiriú amhail go bhféadfaidh údarás custaim Ballstáit, agus an luach custaim á chinneadh aige, luachanna idirbhirt a bhaineann le hoibríochtaí eile an iarratasóra ar imréiteach custaim a eisiamh, fiú mura mbeidh na luachanna sin á gconspóid ag an údarás custaim sin nó ag údaráis custaim Bhallstát eile, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, maidir le luachanna idirbhirt a bhaineann le hallmhairí arna ndéanamh chuig an mBallstát sin, go ndéanfaidh an t-údarás custaim agóid ina gcoinne roimh ré de bhun Airteagal 78(1) agus (2) de Rialachán Uimh. 2913/92 laistigh de na teorainneacha ama a fhorchuirtear le hAirteagal 221 den Rialachán sin agus i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 181a de Rialachán (CEE) Uimh. 2454/93 ón gCoimisiún an 2 Iúil 1993 lena leagtar síos forálacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92 ón gComhairle ag bunú Chód Custaim an Chomhphobail, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 3254/94 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 1994, agus, ar an dara dul síos, maidir le luachanna idirbhirt a bhaineann le hallmhairí chuig Ballstáit eile, tugann an t-údarás custaim sin cúiseanna leis an eisiamh sin i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Rialachán Uimh. 2913/92 faoi threoir fachtóirí a dhéanann difear dá n-inchreidteacht.
- 3) Ní mór coincheap na n-earraí a onnmhairítear “ag an am céanna nó thart ar an am céanna” leis na hearraí atá le luacháil, dá dtagraítear in Airteagal 30(2)(a) agus (b) de Rialachán 2913/92 a léiriú amhail go bhféadfaidh an t-údarás custaim, agus an luach custaim á chinneadh i gcomhréir leis an bhforáil sin, é féin a theorannú d’úsáid sonraí maidir le luachanna idirbhirt a bhaineann le tréimhse 90 lá, ina bhfuil 45 lá díobh sin roimh imréiteach custaim na n-earraí atá le luacháil agus 45 lá i ndiaidh an imréitigh custaim sin, ar choinníoll go bhféadfaidh oibríochtaí onnmhairiúcháin, chuig an Aontas Eorpach, ar earraí atá comhionann nó comhchosúil leis na hearraí a bheidh le luacháil le linn na tréimhse sin, luach custaim na n-earraí sin a chinneadh i gcomhréir leis an bhforáil sin.

⁽¹⁾ IO C 228, 14.06.2021

Ordú na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 31 Bealtaine 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Firenze – an Iodáil) – Imeachtaí coiriúla in aghaidh M.M.

(Cás C-783/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Airteagal 267 CFAE – Easpa díospóide os comhair na cúirte a rinne an tarchur – Neamh-inghlacthacht follasach na hiarrata ar réamhrialú)

(2022/C 294/14)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunale di Firenze

Páirtithe sna príomhimeachtaí

M.M.

An chuid oibríochtúil

Tá an iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Firenze (Cúirt Dúiche Fhlórans, an Iodáil), le cinneadh an 11 Samhain 2021, do-ghlactha go follasach.

⁽¹⁾ Dáta an taiscthe: 16/12/2021

Ordú na Cúirte an 1 Meitheamh 2022 (iarratas ar réamhrialú ón Audiencia Provincial de Barcelona) – JH, GK, FB, LR, TV, OS v Ryanair DAC

(Cás C-126/22) ⁽¹⁾

(Aeriompar — Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Cealuithe – Athródu – Eitilt a chealú tar éis na mbeart arna nglacadh ag Rialtas na Spáinne mar gheall ar phaindéim COVID-19 – Athródu arna heagrú ag aerphaisinéirí – Athródu trí mhodhanna iompair éagsúla seachas aeriompar)

(2022/C 294/15)

Teanga an cháis: an Spáinnis

An chúirt a rinne an tarchur

Audiencia Provincial de Barcelona

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: JH, GK, FB, LR, TV, OS

Cosantóir: Ryanair DAC

An chuid oibríochtúil

Baintear Cás C-126/22 de chlár na Cúirte Breithiúnais.

⁽¹⁾ Dáta taiscthe: 22.2.2022.

Achomharc arna thabhairt an 18 Feabhra 2022 ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an dara Dlísheomra) a tugadh an 8 Nollaig 2021 i gCás T-593/19, an Chipir v EUIPO – Fontana Food (GRILLOUMI BURGER)

(Cás C-120/22 P)

(2022/C 294/16)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Achomharcóir: Poblacht na Cipire (ionadaí: V. Marsland, Solicitor, agus C. Milbradt, Rechtsanwältin)

Páirtithe eile sna himeachtaí: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Fontana Food AB

Trí ordú an 15 Meitheamh 2022, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais (an Dlísheomra a dhearbhaíonn an gá breith a thabhairt) nach gá breith a thabhairt ar an achomharc a thuilleadh agus go n-íocfaidh Poblacht na Cipire a costais féin.

Achomharc arna thabhairt an 18 Feabhra 2022 ag Foundation for the Protection of the Traditional Cheese of Cyprus named Halloumi i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an dara Dlísheomra) a tugadh an 8 Nollaig 2021 i gCás T-593/19, Foundation for the Protection of the Traditional Cheese of Cyprus named Halloumi v EUIPO – Fontana Food (GRILLOUMI BURGER)

(Cás C-121/22 P)

(2022/C 294/17)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Achomharcóir: Foundation for the Protection of the Traditional Cheese of Cyprus named Halloumi (ionadaí: V. Marsland, Solicitor, agus C. Milbradt, Rechtsanwältin)

Páirtithe eile sna himeachtaí: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Fontana Food AB

Trí ordú an 15 Meitheamh 2022, dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais (an Dlísheomra a dhearbhaíonn an gá breith a thabhairt) nach gá breith a thabhairt ar an achomharc a thuilleadh agus go n-íocfaidh Foundation for the Protection of the Traditional Cheese of Cyprus named Halloumi a chostais féin.

Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla Warszawy – Śródmieścia w Warszawie (an Pholainn) a taisceadh an 25 Feabhra 2022 – AM, PM v mBank S.A.

(Cás C-139/22)

(2022/C 294/18)

Teanga an cháis: an Pholainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Sąd Rejonowy dla Warszawy – Śródmieścia w Warszawie

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: AM, PM

Cosantóir(í): mBank S.A.

Na ceisteanna a tharchuirtear:

1. An gcaithfear Airteagail 3(1), 7(1) agus (2), agus 8 de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra ('), chomh maith le prionsabal na héifeachtúlachta, a léirmhíniú sa chiall gur leor, d'fhonn téarma conarthaí nach gcaibidlíodh ar leithligh a aicmiú mar théarma éagórach, gurb ionann ciall an téarma chonarthaigh sin agus ciall forála i ngnáthchonradh atá i gclár na dtéarmaí éagóracha?
2. An gcaithfear Airteagal 3(1) de Threoir 93/13/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a léirmhíniú sa chiall go gcuirtear bac ar údarás breithiúnach forálacha náisiúnta a léirmhíniú amhail go n-éiríonn téarma conarthaí éagórach as bheith ina théarma éagórach más féidir leis an tomhaltóir a chuid nó a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh de bhun téarma eile sa chonradh sin atá cóir.
3. An gcaithfear Airteagail 3(1) agus Airteagal 4(1) de Threoir 93/13/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a léirmhíniú sa chiall nach mór do dhíoltóir nó sholáthróir gach tomhaltóir a chur ar an eolas maidir le bunreithe an chonartha agus rioscaí a bhaineann leis an gconradh, fiú má tá eolas ábhartha ag an tomhaltóir sa réimse sin?

4. An gcaithfear Airteagail 3(1), 6 agus 7(1) de Threoir 93/13/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a léirmhíniú sa chiall go bhféadfár a rá, sá chás ina dtugann breis agus tomhaltóir amháin an conradh céanna i gcrích le haon díoltóir nó soláthróir amháin, go bhfuil an téarma conarthach céanna éagórach i leith an chéad tomhaltóra agus cóir i leith an dara tomhaltóir, amhail go bhfuil an dara tomhaltóir faoi cheangal na n-oibleagáidí go léir atá faoin gconradh sin?

(¹) IO 1993 L 95, lch. 29.

Achomharc arna thabhairt an 1 Márta 2022 ag Jörg Lück i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Deichiú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-188/21, Jörg Lück v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

(Cás C-145/22 P)

(2022/C 294/19)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Jörg Lück (ionadaí: L. Becker, Rechtsanwalt)

Páirtithe eile sna himeachtaí: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, R.H. Investment UG

Le hordú an 17 Meitheamh 2022, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh an Chúirt don achomharcóir a chostais féin a íoc.

Achomharc arna thabhairt an 2 Márta 2022 ag Legero Schuhfabrik GmbH i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a tugadh an 15 Nollaig 2021 i gCás T-684/20, Legero Schuhfabrik GmbH v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

(Cás C-152/22 P)

(2022/C 294/20)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Legero Schuhfabrik GmbH (ionadaí: M. Gail, Rechtsanwalt)

Páirtithe eile sna himeachtaí: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Rieker Schuh AG

Le hordú an 22 Meitheamh 2022, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh an Chúirt don achomharcóir a chostais féin a íoc.

Achomharc arna thabhairt an 3 Bealtaine 2022 ag Chemours Netherlands BV i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (Ochtú Dlísheomra) a tugadh an 23 Feabhra 2022 i gCás T-636/19, Chemours Netherlands v ECHA

(Cás C-293/22 P)

(2022/C 294/21)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Achomharcóir: Chemours Netherlands BV (ionadaithe: R. Cana, H. Widemann agus Z. Romata, avocats)

Páirtithe eile sna himeachtaí: An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), Ríocht na hÍsiltíre, ClientEarth, ClientEarth AISBL, CHEM Trust Europe eV

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an bhreithiúnas atá faoi achomharc a chur ar ceal ina hiomláine;
- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní⁽¹⁾;
- de rogha air sin, an cás a tharchur ar ais chun na Cúirte Ginearálta i gcomhair breithiúnais ar iarratas an iarratasóra le haghaidh neamhniú;
- a ordú do ECHA costais na n-imeachtaí a íoc, lena n-áirítear na costais sna himeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta, chomh maith le costais na n-idiragraithe.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

I dtaca leis an gcaingean, maíonn an t-achomharcóir na saincheisteanna dlí a leanas.

- A. Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus earráid measúnachta, agus rinne sí Airteagal 57(f) de REACH a shárú agus a mhíléiriú, trína chinneadh nach ndearna ECHA earráid follasach trína mheas go gcruthófaí éifeachtaí dáiríre, lena bhfuil cúis inní a oiread céanna, ar shláinte an duine.

Go sonrach, (a) rinne an Chúirt Ghinearálta earráid measúnachta, agus rinne sí Airteagal 57(f) de REACH a shárú agus a mhíléiriú, trína chinneadh go bhféadfadh ECHA a chinntiú go bhfuil éifeachtaí, ar admhaíodh nach “bonn” an chinneadh atá faoi chonspóid iad, in ann bheith ábhartha agus cinneadh á dhéanamh gurb ann do “chúis inní a oiread céanna”; (b) rinne an Chúirt Ghinearálta earráid measúnachta, agus rinne sí Airteagal 57(f) de REACH a shárú agus a mhíléiriú, trína chinneadh gur chruthaigh ECHA go mbeadh ann do “chúis inní a oiread céanna” mar gheall ar an tocsaineacht fhorbarthach agus éifeachtaí tocsaineacha na n-athdháileoge; agus (c) rinne an Chúirt Ghinearálta earráid measúnachta, agus rinne sí Airteagal 57(f) de REACH a shárú agus a mhíléiriú, trína mheas gur dhlithiúil cinneadh ECHA (i) tosca thromachar na fianaise a chur i bhfeidhm ar na héifeachtaí aonarach ar shláinte an duine agus (ii) na héifeachtaí ar shláinte an duine agus an timpeallacht a mheas i gcomhpháirt.

- B. Rinne an Chúirt Ghinearálta earráid measúnachta, agus rinne sí Airteagal 57(f) de REACH a shárú agus a mhíléiriú, trína dhearbhuí nach ndearna ECHA earráid fhollasach trína mheas go gcruthófaí éifeachtaí dáiríre, lena bhfuil cúis inní a oiread céanna, ar an timpeallacht.

Go sonrach, (a) rinne an Chúirt Ghinearálta earráid measúnachta agus rinne sí Airteagal 57(f) a mhíléiriú trí cheadú do ECHA a chruthú gurb ann d'éifeachtaí dáiríre ar an timpeallacht trí bheith ag brath ar shonraí tocsaineachta sláinte an duine; agus (b) rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus rinne sí Airteagal 57(f) a mhíléiriú trí mhainneachtain an easpa bithbhailiú a mheas mar eilimint ábhartha le cur san áireamh ag ECHA agus measúnú á dhéanamh aigein imthosca sonracha an cháis seo.

- C. Rinne an Chúirt Ghinearálta sárú ar phrionsabal na sarmhaitheasa eolaíche, ar prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é, agus ar an gcaighdeán athbhreithnithe.

Mar shárú ar phrionsabal na sarmhaitheasa eolaíche, ar prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é, agus ar an gcaighdeán athbhreithnithe a bhain an Chúirt Ghinearálta conclúidí amach maidir le héifeachtaí dochúlaithe na Substainte agus a rinne sí staidéir eolaíocha a mheas.

⁽¹⁾ Cinneadh ECHA ED/71/2019 an 4 Meitheamh 2019, a tháinig i bhfeidhm an 16 Meitheamh 2019, a mhéid agus a bhfuil aigéad 2,3,3,3-tetrafluoro-2-(heipteafluaraprópocsa) próipianach, a chuid salann agus a hailidí aicile (agus na hisiméirí agus na teaglamaí díobh) i liosta na substaintí a sainaitníodh le cuimsiú amach ansin in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO 2006 L 396, lch. 1).

Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Iodáil) a taisceadh an 10 Bealtaine 2022 – FL v Autoridade Tributária e Aduaneira

(Cás C-312/22)

(2022/C 294/22)

Teanga an cháis: an Phortaingéilis

An chúirt a rinne an tarchur

Supremo Tribunal Administrativo

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: FL

Cosantóir: Autoridade Tributária e Aduaneira

An cheist a tharchuirtear:

An bhfuil sé de réir dhlí an Aontais go mbeadh ioncam a fhaightear mar ús ar bhannaí agus ionstraimí fiachais arna n-íoc ag banc neamhchónaitheach Eilvéiseach don iarratasóir in 2005 faoi réir comhiomlánú ioncaim agus dá bhrí sin go ngearrfaí cáin ar an ráta céanna cánach ioncaim agus a ghearrtar ar ioncam eile, agus an chiall a bheadh leis sin ná go mbeadh an ráta cánach is infheidhme i bhfad níos airde ná an ráta (tobhach) a bheadh i gceist dá n-íocfadh banc cónaitheach sa críoch náisiúnta an t-ioncam lena mbaineann?

Iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione (an Iodáil) arna taisceadh an 13 Bealtaine 2022 – KRI SpA, mar chomharba ar SILO.NE. – Sistema logistico nord-est Srl v Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

(Cás C-323/22)

(2022/C 294/23)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Corte suprema di cassazione

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: KRI SpA, mar chomharba ar SILO.NE. – Sistema logistico nord-est Srl

Cosantóir: Agenzia delle Dogane e dei Monopoli

An cheist a tharchuirtear

An gá an chéad abairt d'Airteagal 14 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 ⁽¹⁾ a léirmhíniú sa chiall, i gcás scaoileadh neamhrialta an táirge atá faoi réir dleacht mháil, gur de chineál oibiachtúil é dliteanas an mhaoir stórais lena ráthaítear go n-íocfar dleachtanna, gan an fhéidearthacht iad féin a urscaoileadh ón oibleagáid agus ó [íocaíocht] na suimeanna a chomhfhreagraíonn do na smachtbhannaí gaolmhara, fiú nuair a bhraitheann an t-imeacht sin ar ghníomh neamhdhleathach – go heisiach – atá inchurtha i leith tríú páirtí nó an féidir é a léirmhíniú sa chiall go bhfuil an díolúine ón gcáin agus ó na pionóis chomhfhreagracha le deonú – mar imthosca nárbh fhéidir a thuar nó force majeure – don choimeádaí stórais ráthóra nach raibh baint aige ní hamháin le gníomh neamhdhleathach an tríú páirtí, ach freisin a raibh ionchas dliteanach agus meon macánta aige go raibh gluaiseacht an táirge faoin socrú fionraí dleachta rialta?

⁽¹⁾ Treoir 92/12/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 maidir leis na socrúithe ginearálta i gcomhair táirgí atá faoi réir dleacht mháil agus maidir le táirgí den sórt sin a shealbhú agus a bhogadh agus faireachán a dhéanamh orthu (IO 1992 L 76, lch. 1).

Caingean arna tabhairt an 31 Bealtaine 2022 – An Coimisiún Eorpach v Ríocht na Sualainne**(Cás C-353/22)**

(2022/C 294/24)

*Teanga an cháis: an tSualainnis***Páirtithe***Iarratasóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: R. Tricot, P. Carlin agus E. Manhaeve, i gcáil Gníomhairí)*Cosantóir:* Ríocht na Sualainne**An t-ordú atá á lorg**

— A dhearbhu gur mhainnigh Ríocht na Sualainne i gcomhlíonadh a hoibleagáidí faoi Airteagal 2 de Threoir (AE) 2017/853 ⁽¹⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017, lena leasaítear Treoir 91/477/CEE ón gComhairle maidir le fáil agus seilbh arm a rialú, códaithe faoi Threoir (AE) 2021/555 ⁽²⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú, a mhéid a mhainnigh sí na dlíthe, rialacháin, agus forálacha riaracháin is gá a ghlacadh chun na forálacha seo a leanas a chomhlíonadh:

Pointí 6, 7, 8 agus 9 i gcatagóir A, pointe 8 i gcatagóir B agus pointe 5 i gcatagóir C, faoin sainmhíniú i bpointe A de Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/477, arna leasú le Airteagal 1(19) de Threoir 2017/853,

Airteagal 5(3) de Threoir 91/477, arna leasú le hAirteagal 1(6) de Threoir 2017/853,

Airteagal 10(1), an dara mír, de Threoir 91/477, arna leasú le hAirteagal 1(9) de Threoir 2017/853, agus

Airteagal 10(2) de Threoir 91/477, arna leasú le hAirteagal 1(9) de Threoir 2017/853, nó in aon chás, trí mhainneachtain fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le forálacha den sórt sin,

— A ordú do Ríocht na Sualainne cnapshuim de EUR 5 387,90 in aghaidh an lae a íoc leis an gCoimisiún, ach gan a bheith níos lú ná EUR 1 909 000, má tá mainneachtain sna hoibleagáidí a chomhlíonadh dá dtagraítear sa chéad mhír fós ann ar an dáta a thugtar an breithiúnas sna himeachtaí seo, agus a éileamh go n-íocfaidh Ríocht na Sualainne fócaíocht phionósach leis an gCoimisiún de EUR 48 454,98 in aghaidh an lae ó dháta an bhreithiúnais sna himeachtaí seo go dtí go gcomhlíonfaidh Ríocht na Sualainne a hoibleagáidí faoin Treoir, agus

— A ordú do Ríocht na Sualainne na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Tá Treoir (AE) 2017/853 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leasaítear Treoir 91/477/CEE ón gComhairle maidir le fáil agus seilbh arm a rialú, códaithe faoi Threoir (AE) 2021/555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 maidir le fáil agus seilbh arm a rialú, beartaithe chun reachtaíocht agus nósanna imeachta na mBallstát maidir le hairm thine a chomhchuibhiú, chun nósanna imeachta maidir le fáil, seilbh agus aistriú arm tine a dhéanamh níos simplí, chun cosc a chur ar an monarú agus trádáil neamhúdraithe d'airm thine, agus méadú a chur ar inrianaitheacht airm thine.

Bhí ar na Ballstáit an Treoir a thrasú faoin 14 Meán Fómhair 2018. Thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú i gcoinne na Sualainne an 22 Samhain 2018. Sheol an Coimisiún cinneadh réasúnaithe chuig an tSualainn an 26 Iúil 2019. Go dtí seo, níl fógra curtha ag an tSualainn chuig an gCoimisiún maidir le trasú a bheith déanta ar fhorálacha na Treorach sa dlí náisiúnta.

⁽¹⁾ IO 2017 L 137, lch. 22

⁽²⁾ IO 2021 L 115, lch. 1

CHÚIRT GHINEARÁLTA

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Meitheamh 2022 – Eleveté Invest Group agus páirtithe eile v an Coimisiún agus an Bord Réitigh Aonair (BRA)

(Cás T-523/17) ⁽¹⁾

(Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Aontas baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Nós imeachta réitigh is infheidhme i gcás go bhfuil ag cliseadh ar eintiteas nó gur dócha go gclisfidh air – Scéim réitigh i leith Banco Popular Español arna ghlacadh ag BRA – Ceart chun éisteacht a fháil – Oibleagáid cúiseanna a thabhairt – Airteagail 18 agus 20 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 – Dlíteanas neamhchonarthach)

(2022/C 294/25)

Teanga an cháis: an Spáinnis

Páirtithe

Iarratasóirí: Eleveté Invest Group, SL (Maidrid, an Spáinn) agus 19 iarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmneacha inscríofa in Iarscríbhinn an bhreithiúnais (ionadaithe: B. Cremades Roman, J. López Useros, S. Cajal Martín agus P. Marrodán Lázaro, Dlíodóirí)

Cosantóirí: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn agus A. Steiblytè, i gcáil Gníomhairí agus cúnamh acu ó J. Rivas Andrés, Dlíodóir), an Bord Réitigh Aonair (ionadaithe: J. King agus M. Fernández Rupérez, i gcáil Gníomhairí, agus cúnamh acu ó B. Meyring, S. Schelo, F. Fernández de Trocóniz Robles, T. Klupsch agus S. Ianc, Dlíodóirí)

Idiragraithe, mar thaca leis na cosantóirí: Ríocht na Spáinne (ionadaithe: J. Rodríguez de la Rúa Puig agus L. Aguilera Ruiz i gcáil Gníomhairí), Banco Santander, SA (Santander, an Spáinn) (ionadaithe: J. Rodríguez Cárcamo, A. Rodríguez Conde, D. Sarmiento Ramírez-Escudero agus J. Remón Peñalver, Dlíodóirí)

Maidir le:

Ar an gcéad dul síos, iarraidh bunaithe ar Airteagal 263 CFAE ag iarraidh go ndéanfaí Cinneadh SRB/EES/2017/08 de Sheisiún Feidhmiúcháin BRA an 7 Meitheamh 2017, maidir le scéim réitigh le haghaidh Banco Popular Español, SA a ghlacadh, agus Cinneadh (AE) 2017/1246 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh lena bhformhuinítear an scéim réitigh le haghaidh Banco Popular Español (IO 2017 L 178, lch. 15) a neamhniú agus, ar an dara dul síos, iarraidh bunaithe ar Airteagal 268 CFAE ag lorg cúitimh as an díobháil a d'fhulaing na hiarratasóirí mar thoradh ar na cinntí sin agus, ar an tríú dul síos, iarraidh chun go ndearbhófar go bhfuil an luacháil shealadach ar neamhní agus chun cúiteamh a fháil.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Eleveté Invest Group, SL agus na hiarratasóirí eile a bhfuil a n-ainmneacha inscríofa in Iarscríbhinn an bhreithiúnais a gcostais féin a íoc chomh maith le costais an Choimisiúin Eorpaigh, an Bord Réitigh Aonair agus Banco Santander, SA.
- 3) Ordaítear do Ríocht na Spáinne a costais féin a íoc.

⁽¹⁾ IO C 374, 6.11.2017.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Meitheamh 2022 – Algebris (UK) agus Anchorage Capital Group v an Coimisiún

(Cás T-570/17) ⁽¹⁾

(Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Aontas baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Nós imeachta réitigh is infheidhme i gcás go bhfuil ag cliseadh ar eintiteas nó gur dócha go gclisfidh air – Scéim réitigh le haghaidh Banco Popular Español arna ghlacadh ag BRA – Tarmligean na cumhachta – Oibleagáid cúiseanna a thabhairt – Prionsabal an dea-riaracháin – Airteagal 20 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 – Ceart chun éisteacht a fháil – Ceart chun maoine)

(2022/C 294/26)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Algebris (UK) Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe), Anchorage Capital Group LLC (Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaithe: T. Soames, N. Chesaites, Dlíodóirí agus R. East, Solicitor)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn agus A. Steiblytè, i gcáil Gníomhairí)

Idiragraithe, mar thaca leis an gcosantóir: An Bord Réitigh Aonair (ionadaithe: J. King agus M. Fernández Rupérez, i gcáil Gníomhairí agus cúnaimh acu ó B. Meyring, S. Schelo, F. Fernández de Trocóniz Robles, T. Klupsch agus S. Ianc, Dlíodóirí), Banco Santander, SA (Santander, an Spáinn) (ionadaithe: J. Rodríguez Cárcamo, A. Rodríguez Conde, D. Sarmiento Ramírez-Escudero, Dlíodóirí, agus G. Cahill, Barrister)

Ábhar

Iarraidh bunaithe ar Airteagal 263 CFAE ag iarraidh go ndéanfaí Cinneadh (AE) 2017/1246 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 lena bhformhuinítear an scéim réitigh le haghaidh Banco Popular Español, SA (IO 2017, L 178, lch. 15) a neamhniú.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Algebris (UK) Ltd agus Anchorage Capital Group LLC a gcostais féin a íoc chomh maith le costais an Choimisiúin Eorpaigh agus Banco Santander, SA.
- 3) Ordaítear don Bhord Réitigh Aonair a chostais féin a íoc.

⁽¹⁾ IO C 392, 20.11.2017.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Meitheamh 2022 – Aeris Invest v an Coimisiún agus an Bord Réitigh Aonair (BRA)

(Cás T-628/17) ⁽¹⁾

(Aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Aontas baincéireachta – Sásra Réitigh Aonair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Nós imeachta réitigh is infheidhme i gcás go bhfuil ag cliseadh ar eintiteas nó gur dócha go gclisfidh air – Scéim réitigh i leith Banco Popular Español arna ghlacadh ag BRA – Tarmligean na cumhachta – Ceart chun éisteacht a fháil – Ceart chun maoine – Oibleagáid cúiseanna a thabhairt – Airteagail 14, 18 agus 20 de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014)

(2022/C 294/27)

Teanga an cháis: an Spáinnis

Páirtithe

Iarratasóir: Aeris Invest Sàrl (Lucsamburg, Lucsamburg) (ionadaithe: M. Roca Junyent, R. Vallina Hoset, G. Serrano Fenollosa, E. Galán Burgos agus M. Varela Suárez, Dlíodóirí)

Cosantóirí: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn agus A. Steiblytè, i gcáil Gníomhairí), an Bord Réitigh Aonair (ionadaithe: J. King agus M. Fernández Rupérez, i gcáil Gníomhairí, agus cúnamh acu ó B. Meyring, S. Schelo, F. Fernández de Trocóniz Robles, T. Klupsch agus S. Ianc, Dlíodóirí)

Idiragraithe, mar thaca leis na cosantóirí: Ríocht na Spáinne (ionadaithe: L. Aguilera Ruiz agus J. Rodríguez de la Rúa Puig, i gcáil Gníomhairí), Parlaimint na hEorpa (ionadaithe: P. López Carceller, M. Martínez Iglesias, L. Visaggio, J. Etienne, M. Menegatti agus M. Sammut, i gcáil Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. de Gregorio Merino, J. Bauerschmidt, H. Marcos Fraile agus A. Westerhof Löfflerová, i gcáil Gníomhairí), Banco Santander, SA (Santander, an Spáinn) (ionadaithe: J. Rodríguez Cárcamo, A. Rodríguez Conde, D. Sarmiento Ramírez Escudero agus J. Remón Peñalver, Dlíodóirí)

Maidir le:

Iarraidh bunaithe ar Airteagal 263 CFAE go gcuirfear, de pháirt amháin, Cinneadh SRB/EES/2017/08 de Sheisiún Feidhmiúcháin BRA an 7 Meitheamh 2017, maidir le scéim réitigh le haghaidh Banco Popular Español, SA a ghlacadh, agus, den pháirt eile, Cinneadh (AE) 2017/1246 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2017 lena bhformhuinítear an scéim réitigh le haghaidh Banco Popular Español, SA (IO 2017, L 178, lch. 15) ar neamhní.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Aeris Invest Sàrl a chostais féin a ioc chomh maith le costais an Choimisiúin Eorpaigh, an Bhoird Réitigh Aonair agus Banco Santander, SA.
- 3) Ordaítear do Ríocht na Spáinne, Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh a gcostais féin a íoc.

⁽¹⁾ IO C 374, 6.11.2017.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Meitheamh 2022 – Qualcomm v an Coimisiún (Qualcomm – íocaíochtaí eisiachais)

(Cás T-235/18) ⁽¹⁾

(Iomaíocht – Mí-úsáid ceannasachta – An margadh d'fhoirne sliseanna LTE – Cinneadh go raibh sárú ann ar Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 54 de Chomhaontú LEE – Íocaíochtaí eisiachais – Cearta na cosanta – Airteagal 19 agus Airteagal 27(1) of de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 – Éifeachtaí foriainmh)

(2022/C 294/28)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Qualcomm Inc. (San Diego, California, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: M. Pinto de Lemos Fermiano Rato, M. Davilla agus M. English, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: N. Khan, A. Dawes agus C. Urraca Caviedes, i gcáil Gníomhairí)

Maidir le:

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, Qualcomm Inc., Cinneadh C(2018) 240 final ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2018 maidir le himeachtaí faoi Airteagal 102 [CFAE] agus Airteagal 54 de [Chomhaontú LEE] (Cás AT.40220 — Qualcomm (íocaíochtaí eisiachais)), lenar chinn an Coimisiún Eorpach gur bhain Qualcomm mí-úsáid as a cheannasacht ón 25 Feabhra 2011 go dtí an 16 Meán Fómhair 2016 (“an tréimhse lena mbaineann”) agus lenar ghearr sé fineáil EUR 997 439 000 air (“an cinneadh atá faoi chonspóid”), a neamhniú.

An chuid oibríochtúil den breithiúnas

1. Cuirtear Cinneadh C(2018) 240 final ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2018 a bhaineann le himeachtaí faoi Airteagal 102 [CFAE] agus Airteagal 54 de [Comhaontú LEE] (Cás AT.40220 — Qualcomm (íocaíochtaí eisiachais)) ar ceal.
2. Ordaítear don Coimisiún Eorpach na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 190, 4.6.2018.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – An Ríocht Aontaithe agus ITV v an Coimisiún

(Cásanna T-363/19 agus T-456/19) ⁽¹⁾

(Státchabhair – Scéim cabhrach ón Ríocht Aontaithe i bhfabhar grúpaí ilnáisiúnta áirithe – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an scéim cabhrach ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus neamhdhleathach agus lena n-ordaítear aisghabháil na cabhrach a íocadh – Réamhrialuithe cánach (tax rulings) – Córas cánach a bhaineann le maoiniú a chur ar fáil do ghrúpaí agus maidir le cuideachtaí coigríche rialaithe go háirithe – Buntáistí roghnaíocha cánach)

(2022/C 294/29)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir i gcás T-363/19: Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (ionadaithe: F. Shibli agus S. McCrory, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó P. Baker, QC, agus T. Johnston, barrister)

Iarratasóir i gcás T-456/19: ITV plc (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaithe: J. Lesar, solicitor, agus K. Beal, QC)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn, S. Noë agus B. Stromsky, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh i gcás T-456/19 ó M. Clayton agus M. Segura Catalán, dlíodóirí)

Idiragraithe mar thaca leis an Iarratasóir i gcás T-456/19: an Ríocht Aontaithe (ionadaithe: F. Shibli agus S. McCrory, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó P. Baker, QC, agus T. Johnston, barrister), LSEGH (Lucsamburg) Ltd (Londain), London Stock Exchange Group Holdings (Italy) Ltd (Londain) (ionadaithe: A. von Bonin, O. Brouwer agus A. Pliego Selie, dlíodóirí)

Ábhar

Iarratas bunaithe ar Airteagal 263 CFAE lena n-iarrtar go ndéanfaí Cinneadh (AE) 2019/1352 an 2 Aibreán 2019 maidir le Státchabhair SA.44896 arna deonú ag an Ríocht Aontaithe maidir le Díolúine ó Mhaoiniú Grúpa CFC (IO 2019 L 216, lch. 1), a chur ar neamhní.

An chuid oibríochtúil

- 1) Déantar na cásanna T-363/19 agus T-456/19 a uamadh chun críocha an bhreithiúnais.
- 2) Diúltaítear don chaingean.
- 3) Ordaítear do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a costais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún i gCás T-363/19 a íoc.
- 4) Ordaítear do ITV plc a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún i gCás T-456/19 a íoc.

- 5) Ordaítear do LSEGH (Luxembourg) Ltd agus London Stock Exchange Group Holdings (Italy) Ltd a gcostais féin a íoc.
- 6) Ordaítear don Ríocht Aontaithe a costas féin a íoc i gcás T-456/19.

⁽¹⁾ IO C 263 5.8.2019.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – Guangxi Xin Fu Yuan v an Coimisiún

(Cás T-144/20) ⁽¹⁾

[Dumpáil – Allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh na Síne – Imscrúdú athbhreithnithe – Teachnt timpeall – Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2016/1036 – Cuideachtaí atá comhlachaithe – Oibleagáidí nós imeachta – Airteagal 5(10) agus (11) de Rialachán 2016/1036 – Airteagail 6.1, 6.2 agus 12.1 den chomhaontú frithdhumpála – Cearta cosanta – Cóir chomhionann – Ionchas dlisteanach – Earráid mheasúnaithe follasach]

(2022/C 294/30)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Guangxi Xin Fu Yuan Co. Ltd (Bobai, an tSín) (ionadaithe: J. Cornelis agus T. Zuber, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Němečková agus M. Gustafsson, i gcáil Gníomhairí)

Ábhar

Iarratas bunaithe ar Airteagal 263 CFAE agus ag iarraidh go gcuirfí ar neamhní Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2131 ón gCoimisiún, an 28 Samhain 2019, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1198 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí ceirmeacha le haghaidh an bhoird agus na cistine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2019, L 321, lch. 139).

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Guangxi Xin Fu Yuan Co. Ltd na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 161, 11.5.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Meitheamh 2022 – Krasnyj Octyabr v EUIPO – Pokój (Pokój TRADYCJA JAKOŚĆ KRÓWKA SŁODKIE CHWILE Z DZIECIŃSTWA TRADYCYJNA RECEPTURA)

(Cás T-355/20) ⁽¹⁾

(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Trádmharc fiortha de chuid an Aontais Eorpaigh Pokój “TRADYCJA JAKOŚĆ KRÓWKA SŁODKIE CHWILE Z DZIECIŃSTWA TRADYCYJNA RECEPTURA” – Trádmharc fiortha idirnáisiúnta níos luaithe “KOPOBKA KOROVKA” – Foras coibhneasta maidir le diúltú – Easpa riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) agus Airteagal 53(1)(a) de Rialachán (AE) 207/2009 [anois: Airteagail 8(1)(b) agus 60(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001])

(2022/C 294/31)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: PAO Moscow Confectionery Factory “Krasnyj Octyabr” (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: M. Geitz agus J. Stock, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Söder agus V. Ruzek, i gcáil Gníomhairí)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta: Spółdzielnia “Pokój” (Bielsko-Biała, an Pholainn) (ionadaithe: E. Pijewska agus M. Mazurek, Dlíodóirí)

Maidir le:

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 2 Aibreán 2020 (Cás R 1974/2019-1) a neamhniú.

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear do PAO Moscow Confectionery Factory “Krasnyj Octyabr” na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 255, 3.8.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Meitheamh 2022 – Krasnyj Octyabr v EUIPO – Pokój (KRÓWKA MLECZNA Milk FUDGE)

(Cás T-363/20) ⁽¹⁾

(Trádmharc an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Trádmharc fiortha de chuid an Aontais Eorpaigh “KRÓWKA MLECZNA Milk FUDGE” – Trádmharc fiortha idirnáisiúnta níos luaithe “KOPOBKA KOROVKA” – Foras coibhneasta maidir le diúltú – Easpa riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) agus Airteagal 53(1)(a) de Rialachán (AE) 207/2009 [anois: Airteagail 8(1)(b) agus 60(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001])

(2022/C 294/32)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: PAO Moscow Confectionery Factory “Krasnyj Octyabr” (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: M. Geitz agus J. Stock, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Söder agus V. Ruzek i gcáil Gníomhairí)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta: Spółdzielnia “Pokój” (Bielsko-Biała, an Pholainn) (ionadaithe: E. Pijewska agus M. Mazurek, Dlíodóirí)

Maidir le:

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 7 Aibreán 2020 (Cás R 1532/2019-1) a neamhniú.

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear do PAO Moscow Confectionery Factory “Krasnyj Octyabr” na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 255, 3.8.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Meitheamh 2022 – Tubes Radiatori v EUIPO – Antrax It (Radaithear téimh)

(Cás T-380/20) ⁽¹⁾

(Dearadh Comhphobail – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Dearadh Comhphobail do radaithear téimh – Dearadh a bhí ann cheana – Forais neamhbhailíochta – Easpa gné shainiúil – Airteagal 6 agus Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 – Saoirse an dearthóra – Sáithiúcháin na húrscothachta – Tuairim fhoriomlán)

(2022/C 294/33)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Páirtithe

Iarratasóir: Tubes Radiatori Srl (Resana, an Iodáil) (ionadaithe: S. Vereá, K. Muraro, M. Balestriero agus P. Menapace, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: M. Capostagno, Gníomhaire)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta: Antrax It Srl (Resana) (ionadaithe: L. Gazzola agus G. Lugato, Dlíodóirí)

Maidir le:

Caingean arna tabhairt i gcoinne chinneadh an Tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 25 Márta 2020 (Cás R 1275/2017-3), a bhaineann le himeachtaí maidir le neamhbhailíocht idir Antrax It agus Feadáin Radiatori.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Radiatori Srl a chostais féin a íoc.

⁽¹⁾ IO C 271 17.8.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Meitheamh 2022 – Jindal Saw agus Jindal Saw Italia v an Coimisiún (Dleacht frithdhumpála chinntitheach a ath-fhorchur)

(Cás T-440/20) ⁽¹⁾

(Dumpáil – Allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgte insínte ar de thionscnamh na hIndia iad – Breithiúnais na Cúirte Ginearálta i gCás T-301/16 a chomhlíonadh – Dleacht frithdhumpála chinntitheach a ath-fhorchur – Neamh-aisiocaíocht ina iomláine den dleacht frithdhumpála chinntitheach bhunaidh – Bunús dlí – Neamh-aisghníomhaíocht – Deimhneacht dhlíthiúil – Airteagal 266 CFAE – Comhréireacht – Ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil – Airteagal 103 de Chód Custaim an Aontais – an Rialachán clárúcháin – Pléadáil neamhdhleathachta – Inghlacthacht)

(2022/C 294/34)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Jindal Saw Ltd (Deilí Nua, an India), Jindal Saw Italia SpA (Trieste, an Iodáil) (ionadaithe: R. Antonini, E. Monard agus B. Maniatis, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck agus G. Luengo, i gcáil Gníomhairí)

Maidir le:

Trína gcaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/527 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena n-athfhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgte insínte (ar a dtugtar iarann teilgte graifíte sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad maidir le Jindal Saw Limited ar neamhní go páirteach tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T 301/16 (IO 2020 L 118, lch. 14).

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear do Jindal Saw Ltd agus Jindal Saw Italia SpA na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 297, 7 Mean Fómhair 2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 1 Meitheamh 2022 – Jindal Saw agus Jindal Saw Italia v an Coimisiún (Dleacht frithchúitimh chinntitheach a ath-fhorchur)

(Cás T-441/20) ⁽¹⁾

(Fóirdheontais – Allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte ar de thionscnamh na hIndia iad – Breithiúnais na Cúirte Ghinearálta i gCás T-301/16 a chomhlíonadh – Dleacht frithchúitimh chinntitheach a ath-fhorchur – Neamh-aisíocaíocht ina iomláine den dleacht frithchúitimh chinntitheach bhunaidh – Bunús dlí – Neamh-aisghníomhaíocht – Deimhneacht dhlíthiúil – Airteagal 266 CFAE – Comhréireacht – Ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil – Airteagal 103 de Chód Custaim an Aontais – an Rialachán clárúcháin – Pléadáil neamhdhleathachta – Inghlacthacht)

(2022/C 294/35)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóirí: Jindal Saw Ltd (Deilí Nua, an India), Jindal Saw Italia SpA (Trieste, an Iodáil) (ionadaithe: R. Antonini, E. Monard agus B. Maniatis, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: K. Blanck agus G. Luengo i gcáil Gníomhairí)

Maidir le:

Trína gcaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/526 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2020 lena n-athfhorchuirtear dleacht frithchúitimh ar allmhairí feadán agus píopaí d'iarann teilgthe insínte (ar a dtugtar iarann teilgthe graifite sféaróideach freisin) ar de thionscnamh na hIndia iad maidir le Jindal Saw Limited ar neamhní go páirteach tar éis bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T 300/16 (IO 2020 L 118, lch. 1).

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear do Jindal Saw Ltd agus Jindal Saw Italia SpA na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 297, 7.9.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – EMCS v AUEA

(Cás T-621/20) ⁽¹⁾

(Conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí – Nós imeachta tairisceana – Foireann shealadach a sholáthar do EASO – Diúltú do thairiscint an tairgeoir – Dámhachtain an chonartha ar thairgeoir eile – Cóir chomhionann – Prionsabal na trédhearcachta – Earráid fhollasach measúnaithe – Oibleagáid cúiseanna a thabhairt)

(2022/C 294/36)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóirí: EMCS Ltd. (Msida, Málta) (ionadaithe: P. Kuypers agus N. Groot, Dlíodóirí)

Cosantóirí: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (ionadaithe: P. Eyckmans agus J. van Heel, i gcáil Gníomhairí, agus cúnamh acu ó V. Ost agus M. Umbach, Dlíodóirí)

Maidir le:

Ar an gcéad dul síos, iarraidh bunaithe ar Airteagal 263 CFAE ag iarraidh go ndéanfaí Cinneadh ón Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (EASO) an 23 Iúil 2020, dar teideal “Nós imeachta soláthair EASO/2020/789 maidir le foireann shealadach a sholáthar do EASO i Málta”, ag diúltú don tairiscint a chuir an t-iarratasóir isteach i gcomhthéacs an ghlaio ar thairiscintí agus ag dámhadh an chonartha ar thairgeoir eile a neamhniú agus, ar an dara dul síos, iarraidh bunaithe ar Airteagal 268 CFAE ag lorg cúitimh as an díobháil a líomhnaítear a d’fhulaing an t-iarratasóir mar thoradh ar an gcinneadh sin.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do EMCS Ltd. na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 443, 21.12.2020.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – Deutshtec v EUIPO – Group A (HOLUX)

(Cás T-738/20) ⁽¹⁾

(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarraidh ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “HOLUX” – Clárú idirnáisiúnta níos luaithe an fhocalmhairc “HOLUX” – Forais coibhneasta maidir le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(a) agus (b), de Rialachán (AE) 2017/1001)

(2022/C 294/37)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Deutshtec GmbH (Petershagen/Eggersdorf, an Ghearmáin) (ionadaí: R. Arnade, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus J. Ivanauskas, i gcáil Gníomhairí)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO: Group A NV (Hasselt, an Bheilg)

Maidir le:

Trína chaingean bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 7 Deireadh Fómhar 2020 Cás R 223/2020-4 a neamhniú.

An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.
2. Ordaítear do Deutshtec GmbH na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 53, 15 Feabhra 2021.

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – Apple v EUIPO – Swatch
(THINK DIFFERENT)**

(Cásanna T-26/21 go T-28/21) ⁽¹⁾

(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Focalmharcanna de chuid an Aontais Eorpaigh THINK DIFFERENT – Easpa fíorúsáid arna baint as na marcanna – Airteagal 51(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 207/2009 (Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois) – Oibleagáid cúiseanna a lua – An ceart éisteacht a fháil – Airteagal 94(1) de Rialachán 2017/1001)

(2022/C 294/38)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Apple Inc. (Cupertino, California, na Stáit Aontaithe) (ionadaithe: I. Junkar, I. Fowler, M. Petersenn agus B. Lüthge, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Frydendahl agus A. Folliard-Monguiral, i gcáil Gníomhairí)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta: Swatch AG (Bienne, an Eilvéis) (ionadaí: P. González-Bueno Catalán de Ocón, Dlíodóir)

Ábhar

Lena thrí chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar na cinntí ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 4 Samhain 2020 a neamhniú (cásanna R 2011/2018-4, R 2012/2018-4 agus R 2013/2018-4).

An chuid oibríochtúil

- 1) Déantar na cásanna T-26/21 go T-28/21 a uamadh chun críocha an bhreithiúnais.
- 2) Diúltaítear do na caingne.
- 3) Ordaítear do Apple Inc. na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 88, 15.3.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – Darment v an Coimisiún

(Cás T-92/21) ⁽¹⁾

[Timpeallacht – Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 – Gáis cheaptha teasa fhlúairínithe – Clár leictreonach de chuótaí margaíochta hidreafluoracarbóin – Cinneadh maidir le liostú – Údarú cuóta a úsáid – Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta a fhorghníomhú – Prionsabal an dea-riaracháin]

(2022/C 294/39)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Darment Oy (Heilsinci, an Fhionlainn) (ionadaí: C. Ginter, Dlíodóir)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: E. Sanfrutos Cano, K. Talabér-Ritz agus B. De Meester, i gcáil Gníomhairí)

Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní an Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 15 Nollaig 2020, maidir lena chuóta don bhliain 2021 agus do na blianta 2019 agus 2020 a liostú sa chlár leictreonach cuótaí chun hidreafluoracarbóin (HFC) a chur ar an margadh.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Darment Oy na costais a íoc, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis na himeachtaí idirlinne.

⁽¹⁾ IO C 128, 12.4.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – Muschaweck v EUIPO – Conze (UM)

(Cás T-293/21) ⁽¹⁾

[Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le cúlghairm – Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh UM – Fíorúsáid an mhairc – Úsáid san fhoirm inar cláraíodh an marc – Airteagal 51(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 207/2009 [Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois] – Léiriú ar dhílseánach an trádmhairc – Cruthúnas úsáide curtha isteach laistigh den teorainn ama]

(2022/C 294/40)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Ulrike Muschaweck (München, an Ghearmáin) (ionadaí: C. Konle, Dlíodóir)

Coasantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: D. Walicka, i gcáil Gníomhaire)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta: Joachim Conze (München) (ionadaí: H. Bolte, Dlíodóir)

Ábhar

Caingean arna tabhairt i gcoinne an chinnidh ón dara Bord Achomhairc de EUIPO an 15 mars 2021 (Cás R 2260/2019-2), maidir le himeachtaí cúlghairme idir U. Muschaweck agus J. Conze.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Ulrike Muschaweck na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 278, 12.7.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 15 Meitheamh 2022 – F I S I v EUIPO – Verband der Deutschen Daunen- und Federnindustrie (ECODOWN)

(Cás T-338/21) ⁽¹⁾

(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht – Focalmharc an Aontais Eorpaigh “ECODOWN” – Dearbhfhórais le diúltú – Easpa saincháilíochta – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1) (b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 40/94 (Airteagal 7(1) (b) agus (c) de Rialachán 2017/1001 anois) – Easpa saincháilíochta trína úsáid – Airteagal 7(3) de Rialachán Uimh. 40/94 (Airteagal 7(3) de Rialachán 2017/1001) anois)

(2022/C 294/41)

Teanga an cháis: an Iodáilis

Páirtithe

Iarratasóir: F I S I Fibre sintetiche SpA (Oggiono, an Iodáil) (ionadaithe: G. Cartella agus B. Cartella, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: R. Raponi agus J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhairí)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta: Verband der Deutschen Daunen- und Federnindustrie eV (Mayence, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Travostino agus N. Bottero, Dlíodóirí)

Maidir le:

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar an Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 13 Aibreán 2021 (Cás 216/2020-1), a neamhniú nó a athrú.

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do F I S I Fibre sintetiche SpA a chostais féin a íoc.

(¹) IO C 320 9.8.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – Polo Club Düsseldorf v EUIPO – Company Bridge and Life (POLO CLUB DÜSSELDORF EST. 1976)

(Cás T-355/21) (¹)

[Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar mharc fiortha de chuid an Aontais Eorpaigh POLO CLUB DÜSSELDORF EST. 1976 – Marc fiortha náisiúnta níos luaithe POLO CLUB – Foras coibhneasta le diúltú – Riosca mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001]

(2022/C 294/42)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Polo Club Düsseldorf GmbH & Co. KG (Düsseldorf, an Ghearmáin) (ionadaí: C. Weil, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Frydendahl agus J. Crespo Carrillo, i gcáil Gníomhairí)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair Bhord Achomhairc EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta: Company Bridge and Life, SL (Elche, an Spáinn) (ionadaithe: J. Gracia Albero agus D. Gómez Sánchez, Dlíodóirí)

Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, go bunúsach, go neamhneofaí agus go n-athrófaí an cinneadh ón gcéad Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 26 Aibreán 2021 (Cás R 1667/2020-1).

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Polo Club Düsseldorf GmbH & Co. KG na costais a íoc, lena n-áirítear na costais riachtanacha arna dtabhú ag Company Bridge and Life, SL chun críocha na n-imeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO).

(¹) IO C 329, 16.8.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – Vitronic v EUIPO (Enforcement Trailer)(Cás T-433/21) ⁽¹⁾

[Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Enforcement Trailer – Dearbhfhórais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(b) agus (c) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Airteagal 7(2) de Rialachán 2017/1001]

(2022/C 294/43)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Vitronic Dr.-Ing. Stein Bildverarbeitungssysteme GmbH (Wiesbaden, an Ghearmáin) (ionadaí: D. Tsoumanis, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Klee agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh ón gceathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 18 Bealtaine 2021 (Cás R 236/2021-4).

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Vitronic Dr.-Ing. Stein Bildverarbeitungssysteme GmbH na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 357, 6.9.2021.

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – Medela v EUIPO (MAXFLOW)(Cás T-744/21) ⁽¹⁾

[Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh MAXFLOW – Dearbhfhórais le diúltú – Cineál tuairisciúil – Airteagal 7(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001]

(2022/C 294/44)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Medela Holding AG (Baar, an Eilvéis) (ionadaithe: M. Hartmann agus S. Fröhlich, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: T. Klee agus D. Hanf, i gcáil Gníomhairí)

Ábhar

Trína chaingean faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí ar neamhní cinneadh ón dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 30 Lúnasa 2021 (Cás R 876/2021-2).

An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do Medela Holding AG na costais a íoc.

⁽¹⁾ IO C 37, 24.1.2022.

Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 8 Meitheamh 2022 – an Ungáir v an Coimisiún**(Cás T-104/22 R)****(Bearta idirlinne – Rochtain ar dhoiciméid – Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 – Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa – Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 – Doiciméid de thionscnamh Ballstáit – Iarratas ar oibriú ordaithe a fhionraí – *Fumus boni juris* – Éigeandáil – Comhardaithe leasanna)**

(2022/C 294/45)

Teanga an cháis: an Ungáiris

Páirtithe*Iarratasóir:* an Ungáir (ionadaithe: M. Fehér agus G. Koós, i gcáil Gníomhairí)*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: C. Ehrbar, A. Spina agus A. Tokár, i gcáil Gníomhairí)**Maidir le:**

Trína hiarratas bunaithe ar Airteagal 278 agus Airteagal 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí fionraí ar fhorghníomhú Chinneadh (CBES) 2022/351 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021, arna ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001, maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, lch. 43), maidir leis an iarratas dearbhúcháin GestDem 2021/2808 chun rochtain phoiblí ar dhoiciméid arna n-eisiúint ag na húdaráis sin a ráthú.

An chuid oibríochtúil

- 1) Fionraítear forghníomhú Chinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an 14 Nollaig 2021, arna ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001, maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, lch. 43), maidir leis an iarratas dearbhúcháin GestDem 2021/2808 chun rochtain phoiblí ar dhoiciméid arna n-eisiúint ag na húdaráis sin a ráthú.
- 2) Forchoimeádtar na costais.

Caingean arna tabhairt an 18 Feabhra 2022 – Arhs developments v an Coimisiún**(Cás T-88/22)**

(2022/C 294/46)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe*Iarratasóir:* Arhs developments SA (Belvaux, Lucsamburg) (ionadaithe: P. Teerlinck, M. Gherghinaru agus L. Panepinto, Dlíodóirí)*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh ARES (2022) 1027365 an 11 Feabhra 2022, lenar chinn an Coimisiún nár éirigh le tairiscint an iarratasóra sa nós imeachta Soláthair DIMOS V – Luchtóg 2 (BUDG. Ref: BUDG19/PO/04, COM. Ref: BUDG/2020/OP/0001) a chur ar neamhní;
- a ordú don Choimisiún EUR 6 945 492,50 a íoc leis an iarratasóir, arna mhéadú le hús cúiteach ón dáta a glacadh an cinneadh a chonspóidtear go dtí dáta bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta ina mbeidh an measúnú breithiúnach ar méid an damáiste, agus ansin le hús mainneachtana ó dháta an bhreithiúnais lena mbunaítear an oibleagáid an damáiste a shlánú, go dtí go ndéanfar íocaíocht iomlán;

— a ordú don Choimisiún a chostais féin chomh maith le costais an iarratasóra a íoc.

Saincheistanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin lena n-éilítear sárú ar Airteagal 167(2) den Rialachán Airgeadais, ⁽¹⁾ ar phrionsabail na trédhearcachta, na córa combhionainne agus an neamh-idirdhealaithe atá leagtha síos in Airteagal 160(1) de, ar phointí 18.2 agus 20 d'Iarscríbhinn I (Soláthar) a ghabhann leis, agus ar an oibleagáid cúiseanna a thabhairt.

- Áitíonn an t-iarratasóir gur glacadh Cinneadh ARES (2022) 1027365 an 11 Feabhra 2022, de shárú ar Airteagal 167(2) den Rialachán Airgeadais, ar phrionsabail na trédhearcachta, na córa combhionainne agus an neamh-idirdhealaithe a leagtar síos in Airteagal 160(1) den Rialachán Airgeadais agus ar phointí 18.2 agus 20 d'Iarscríbhinn I (Soláthar) a ghabhann leis an Rialachán Airgeadais, ós rud é gur úsáid an Coimisiún an comhaontú ar leibhéal seirbhíse (SLA) mar chritéar roghnúcháin, cé nach féidir leis na ceanglais dá bhforáiltear sa doiciméad sin a bheith mar chritéar roghnúcháin in imthosca ar bith. Tagraíonn SLAanna, de réir sainmhínithe, do cháilíocht na seirbhíse atá le déanamh agus ní do chumas na dtairgeoirí an tseirbhís a dhéanamh. Sa mhéid gur bhain an Coimisiún úsáid earráideach as an SLA mar chritéar roghnúcháin, tá an nós imeachta dámhachtana ar fad mídhleathach.
- Ina theannta sin, áitítear gur sháraigh an Coimisiún na forálacha thuasluaite agus an oibleagáid cúiseanna a thabhairt, ós rud é go bhfuil na cúiseanna a thug sé maidir le cáilíocht an SLA mar chritéar roghnúcháin earráideach agus nach leor iad.
- Dá bhrí sin, tá dhá chuid sa saincheist dlí seo:
 - Ar an gcéad dul síos, áitíonn an t-iarratasóir nach mbaineann an SLA le cumas na dtairgeoirí an conradh a chomhlíonadh, ach le cáilíocht na seirbhíse atá le déanamh;
 - Ar an dara dul síos, níl aon bhunús leis na réasúnuithe a thugann an Coimisiún maidir le cáilíocht an SLA mar chritéar roghnúcháin agus sáraítear leo na forálacha dá dtagraítear sa saincheist dlí seo.

Mar thaca leis an gcaingean le haghaidh damáistí, áitíonn an t-iarratasóir go ndearna mídhleathacht an chinnidh a chonspóidtear dochar dó, arb é atá ann:

- An deis a chailleadh chun conradh a fháil chun seirbhísí lena mbaineann Luchtóg 2 de DIMOS V a sholáthar;
- Na costais agus na caiteachais a bhaineann le rannpháirtíocht sa nós imeachta tairisceana.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

Caingean arna tabhairt an 11 Bealtaine 2022 – Cham Wings Airlines v an Chomhairle

(Cás T-255/22)

(2022/C 294/47)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Cham Wings Airlines LLC (an Damaisc, an tSiria) (ionadaí: L. Cloquet, Dlíodóir)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh (CBES) 2022/307 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis ⁽¹⁾, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, a chur ar neamhní;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/300 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis ⁽²⁾, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, a chur ar neamhní; agus
- a ordú don Chomhairle costais uile na n-imeachtaí, lena n-áirítear iad siúd a thabhaigh an t-iarratasóir, a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach i measúnú na bhfóras ag an gcosantóir sa mhéid is go raibh sí den tuairim go rannchuidíonn an t-iarratasóir le gníomhaíochtaí de chuid réimeas Lukashenko a éascaíonn trasnú neamhdhleathach theorainneacha seachtracha an Aontais, cé gur léir go bhfuil an tuairim sin gan bhunús.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal ginearálta na comhréireachta, sa mhéid is go bhfuil iarmhairtí eacnamaíocha na mbearta sriantach arna ndéanamh i gcoinne an iarratasóra tubaisteach agus díréireach i gcomparáid leis na críocha a bhfuil sé i gceist leis na gníomhartha a chonspóidtear a bhaint amach, rud a dteipeann orthu a dhéanamh.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a thabhairt, a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 296 CFAE, sa mhéid is gur foirmiúlacht amháin atá sa réasúnaíocht a thugtar maidir leis na gníomhartha a chonspóidtear.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart cosanta agus ar an gceart chun trialach córa sa mhéid nach raibh an t-iarratasóir in ann éisteacht a fháil sular forchuireadh na bearta sriantacha a chonspóidtear, agus sa mhéid nach raibh sé in ann a cheart cosanta a fheidhmiú i gceart, lena n-áirítear a cheart chun trialach córa, a ráthaítear go háirithe le hAirteagal 6(3) den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus le hAirteagal 48(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha. Dá ndéanfaí an réamhéisteacht sin go tráthúil, bheadh an t-iarratasóir in ann an Chomhairle a chur ar an eolas faoina theachtairacht an 13 Samhain 2021 chuig Coimisiún AE agus faoi dhúnadh a ghníomhaíochtaí i Minsc.

⁽¹⁾ IO 2022 L 46, lch. 97.

⁽²⁾ IO 2022 L 46, lch. 3.

Caingean arna tabhairt an 13 Bealtaine 2022 – Xpand Consortium agus Páirtithe Eile v an Coimisiún

(Cás T-281/22)

(2022/C 294/48)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóirí: Xpand Consortium (an Bhreisil, an Bheilg), NTT Data Belgique (an Bheilg), Sopra Steria Benelux (an Bheilg), Fujitsu Technology Solutions (an Bheilg) (ionadaithe: M. Troncoso Ferrer, L. Lence de Frutos agus A. Rebollar Corrales, Dlíodóirí)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an Cinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 3 Márta 2022 lena gcuirtear an nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 ar ceal a chur ar neamhní;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre saincheisteanna dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sáraíodh an oibleagáid cúiseanna a thabhairt agus earráid fhollasach measúnaithe a rinne an Coimisiún Eorpach, ar an bhforas gur critéar roghnúcháin bailí é an comhaontú ar leibhéal seirbhíse.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabail na deimhneachta dlíthiúla agus na n-ionchais dhlísteanacha, ar an bhforas (i) go ndearna an Coimisiún Eorpach teorainn lena léirmhíniú ar na coincheapa atá sna doiciméid tairisceana le linn an nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 agus gur athraigh sé a sheasamh ansin agus (ii) gur thug an Coimisiún Eorpach ar Xpand Consortium ionchais a raibh údar leo a ghlacadh faoi dhlíthiúlacht an chomhaontaithe ar leibhéal seirbhíse mar chritéar roghnúcháin.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin, ar an bhforas nach ndearna an Coimisiún Eorpach (i) cealú an nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 a chur in iúl a luaithe is féidir, mar a cheanglaítear le hAirteagal 171 den Rialachán Airgeadais ⁽¹⁾ agus (ii) fógra a thabhairt do Xpand Consortium maidir le Cinneadh ón gCoimisiún Eorpaigh an 3 Márta 2022 lena gcuirtear an nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 ar ceal, chomh maith leis na cúiseanna leis an gcinneadh sin, a luaithe is féidir.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabail na comhréireachta agus na córa comhionainne, ar an bhforas (i) gur ghlac an Coimisiún Eorpach an beart is tromchúisí agus is mó faoi mhíbhuntáiste trí nós imeachta soláthair lena ngabhann tagairt BUDG19/PO/04 a chur ar ceal, cé go raibh bearta comhréireacha eile ann agus (ii) go bhfuil an Coimisiún Eorpach ag tabhairt buntáiste iomaíochta míchuí d'iomaítheoirí XPand Consortium sa tairiscint trí nós imeachta soláthair nua a chruthú a bhfuil an cuspóir céanna leis.

⁽¹⁾ Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018 L 193, lch. 1).

Caingean arna tabhairt an 8 Meitheamh 2022 – Deutsche Bank v EUIPO – Operación y Auditoria (avanza Tu negocio)

(Cás T-341/22)

(2022/C 294/49)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis

Páirtithe

Iarratasóir: Deutsche Bank, SA Española (Maidrid, an Spáinn) (ionadaithe: I. Valdelomar Serrano, J. Rodriguez Fuensalida, P. Ramells Higuera agus A. Figuerola Moure, Dlíodóirí)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Operación y Auditoria, SA de CV, SOFOM, ENR (Cathair Mheicsiceo, Meicsiceo)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar mharc fiortha de chuid an Aontais Eorpaigh avanza Tu negocio – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 208 813

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 23 Márta 2022 i gcás R 1808/2021-5

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- a rialú gur cuireadh Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm go mícheart sa chinneadh a chonspóidtear;
- rialú a dhéanamh go ndiúltaítear cosaint do na seirbhísí go léir a thagann faoi réim aicme 36 dá dtagraítear in iarratas ar thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 18 2018 813 *avanza Tu negocio* (fíortha); agus
- a ordú don chosantóir na costais a íoc, lena n-áirítear na costais ionadaíochta arna dtabhú ag an iarratasóir, a bhaineann leis na himeachtaí seo.

Saincheist dlí arna maíomh

Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 9 Meitheamh 2022 – Rauch Furnace Technology v EUIPO – Musto et Bureau (Breogán um leá)

(Cás T-347/22)

(2022/C 294/50)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Rauch Furnace Technology GmbH (Gmunden, an Ostair) (ionadaí: M. Traxler, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Musto et Bureau Srl (Osteria Grande, an Iodáil)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an dearaidh atá faoi cheist: Iarratasóir

Dearadh atá faoi cheist: Dearadh Comhphobail Uimh. 7 737 143-0001 (Breogán um leá)

Imeachtaí os comhair EUIPO: Imeachtaí maidir le cealú

An cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón tríú Bord Achomhairc de EUIPO an 29 Márta 2022 i gCás R 1697/2021-3

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- An cinneadh faoi chonspóid a chur ar neamhní, mar aon leis an Dearbhú Neamhbhailíochta maidir le Dearadh Comhphobail Uimh. 7 737 143-0001;
- A ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí

- Sárú ar cheanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta;
 - Sárú ar Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle.
-

Caingean arna tabhairt an 9 Meitheamh 2022 – PT Indonesia Ruipu Nickel and Chrome Alloy v an Coimisiún**(Cás T-348/22)**

(2022/C 294/51)

*Teanga an cháis: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: PT Indonesia Ruipu Nickel and Chrome Alloy (Iacárta, an Indinéis) (ionadaithe: R. Antonini, E. Monard agus B. Maniatis, Dlíodóirí)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/433 ón gCoimisiún an 15 Márta 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéis agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cruach dosmálta cothroma fuar-rollta de thionscnamh na hIndia agus na hIndinéis a neamhniú; ⁽¹⁾ agus
- a ordú don Choimisiún costais na n-imeachtaí seo a íoc.

Saincheistanna dlí agus príomhargóintí.

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 2(a) agus (b), Airteagal 3(1)(a), Airteagal 4(3) agus (5) agus Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 ⁽²⁾ (“an bun-Rialachán”) trí scéimeanna nach fóirdheontais in-fhrithchúitithe iad de réir bhrí an bhun-Rialacháin a fhrithchúiteamh.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear gur bhain an Coimisiún úsáid as tagarmharcanna earráideacha chun an sochar a chinneadh agus chun méid na bhfóirdheontas in-fhrithchúitithe a ríomh, de shárú ar Airteagal 3(2), Airteagal 6(a), (b) agus (d) agus Airteagal 15(1) agus (2) den bhun-Rialachán.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear gur mhainnigh an Coimisiún méid an fhóirdheontais maidir le méine nicile a sholáthar thar tháirgeadh an táirge lena mbaineann i rith na tréimhse imscrúdaithe, de shárú ar Airteagal 7(2) agus Airteagal 15(1) agus (2) den bhun-Rialachán.

⁽¹⁾ IO 2022 L 88, lch. 24.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO 2016 L 176, lch. 55).

Caingean arna tabhairt an 10 Meitheamh 2022 – adp Merkur v EUIPO – Play’n GO Marks (GAME OF GLADIATORS)**(Cás T-350/22)**

(2022/C 294/52)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe**

Iarratasóir: adp Merkur GmbH (Espelkamp, an Ghearmáin) (ionadaí: K. Mandel, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Play'n GO Marks Ltd. (Sliema, Málta)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist: Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “GAME OF GLADIATORS” – Iarratas ar chláru Uimh. 18 022 754

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí freasúra

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 11 Aibreán 2022 i gCas R 2289/2020 – 4

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;
- a ordú do EUIPO na costais a íoc.

Saincheist dlí arna maíomh

Sárú ar Airteagal 47(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 13 Meitheamh 2022 – De Dietrich Process Systems v EUIPO – Koch-Glitsch (SCHEIBEL)

(Cás T-351/22)

(2022/C 294/53)

Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: De Dietrich Process Systems GmbH (Mainz, an Ghearmáin) (ionadaí: M. Körner, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc: Koch-Glitsch LP (Wichita, Kansas, na Stáit Aontaithe)

Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO

Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist: An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

Trádmharc atá faoi cheist: Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “SCHEIBEL” – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 3 790 375

Nós imeachta os comhair EUIPO: Imeachtaí cealaithe

Cinneadh atá faoi chonspóid: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 1 Aibreán 2022 i gCás R 1107/2021-1

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus achomharc ó dhílseánach trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh i gcoinne chinneadh an Rannáin Cealúcháin de chuid EUIPO dar dáta an 29 Aibreán 2021 (Cás Uimh. 42 180 C) lena ndearbhaítear go bhfuil Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 3 790 375 (“SCHEIBEL”) neamhbhailí ina iomláine a dhiúltiú;
- a ordú don chosantóir na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 59(1)(a), arna léamh i gcomhar le hAirteagal (7)(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- Sárú ar Airteagal 59(1)(a), arna léamh i gcomhar le hAirteagal (7)(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 13 Meitheamh 2022 – De Dietrich Process Systems v EUIPO – Koch-Glitsch (KARR)**(Cás T-352/22)**

(2022/C 294/54)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla***Páirtithe***Iarratasóir:* De Dietrich Process Systems GmbH (Mainz, an Ghearmáin) (ionadaí: M. Körner, Dlíodóir)*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Koch-Glitsch LP (Wichita, Kansas, na Stáit Aontaithe)**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO***Dílseánach an trádmhairc atá faoi cheist:* An páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontas Eorpaigh “KARR” – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 3 790 359*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 1 Aibreán 2022 i gCás R 1105/2021-1**An t-ordú atá á lorg***Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:*

- an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus achomharc ó dhílseánach trádmhairc de chuid an Aontais Eorpaigh i gcoinne chinneadh an Rannáin Cealúcháin de chuid EUIPO dar dáta an 29 Aibreán 2021 (Cás Uimh. 42 121 C) lena ndearbhaítear go bhfuil Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 3 790 359 (“KARR”) neamhbhailí ina iomláine a dhiúltiú;
- a ordú don chosantóir na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí arna maíomh

- Sárú ar Airteagal 59(1)(a), arna léamh i gcomhar le hAirteagal (7)(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
- Sárú ar Airteagal 59(1)(a), arna léamh i gcomhar le hAirteagal (7)(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Caingean arna tabhairt an 1 Meitheamh 2022 – XH v an Coimisiún**(Cás T-353/22)**

(2022/C 294/55)

*Teanga an cháis: an Béarla***Páirtithe***Iarratasóir:* XH (ionadaí: K. Górny-Salwarowska, Dlíodóir)*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh an 10 Samhain 2021 (IA Uimh. 31-2021) maidir le hainm an iarratasóra a fhágáil amach as liosta na n-oifigeach a fuair ardú céime in 2021, ar seasadh leis le Cinneadh Uimh. R/72/22 ón Údarás Ceapacháin an 8 Meitheamh 2022 mar fhreagra ar an ngearán a rinne an t-iarratasóir an 5 Feabhra 2021;
- cúiteamh a dhéanamh ar chaillteanais agus damáistí an iarratasóra;
- a ordú don chosantóir na costais agus na caiteachais go léir a íoc de réir Airteagal 268 CFAE.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear earráid dlí agus neamhrialtacht sa chleachtadh ardú céime 2021 a chonspóidtear: sárú ar GIP 45 Cinneadh C (2013) 8968 ina leagtar síos forálacha ginearálta lena gcuirtear Airteagal 45 de na Rialacháin Foirne chun feidhme; sárú ar Airteagal 45(1) de na Rialacháin Foirne i bhfianaise Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus easpa comparáide iarbhir ar na fiúntais.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach sa mheasúnú agus na critéir ardú céime dá bhforáiltear in Airteagal 45 de na Rialacháin Foirne, i bhfianaise Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, á gcur i bhfeidhm.

Caingean arna tabhairt an 9 Meitheamh 2022 – Bindl v an Coimisiún

(Cás T-354/22)

(2022/C 294/56)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

Páirtithe

Iarratasóir: Thomas Bindl (München, an Ghearmáin) (ionadaí: T. Herbrich, Dlíodóir)

Cosantóir: an Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- a dhearbhu go bhfuil an tarchur de shonraí pearsanta an iarratasóra a thionscain an cosantóir, de shárú ar Chaibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725, chuig faighteoirí atá bunaithe i dtríú Stáit nach bhfuil leibhéal cosanta leormhaith ann, tráth a bhreathnaigh sé ar an suíomh Gréasáin “<https://futureu.europa.eu>” an 20 Márta 2022 agus an 8 Meitheamh 2022, agus le linn dó clárú don ócáid “GoGreen” an 30 Márta 2022, neamhbhailí;
- a dhearbhu gur mhainnigh an cosantóir, go neamhdhleathach, freagairt ar iarraidh an iarratasóra an 1 Aibreán 2022 ar rochtain maidir lena shonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag an gcosantóir agus i dtaca leis na bearta cosanta leordhóthanacha de bhun Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le tarchur na sonraí chuig faighteoirí atá bunaithe i dtríú Stáit;
- a ordú don chosantóir damáiste ar luach EUR 1 200,00a chúiteamh, móide ús ar dhá phointe céatadán os cionn an ráta úis arna shocrú ag an mBanc Ceannais Eorpach dá phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, ó lá fhógartha an bhreithiúnais, a bhain don iarratasóir mar gheall ar chur i bhfeidhm mícheart Rialachán (AE) 2018/1725;
- a ordu don chosantóir costais na n-imeachtaí a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí: cur i bhfeidhm mícheart na chéad abairte d'Airteagal 46 agus Airteagal 48(1) agus (2)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 ⁽¹⁾
 - Rinne an cosantóir sonraí pearsanta an iarratasóra a tharchur chuig faighteoirí atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá le linn dó a bheith ag breathnú ar an suíomh Gréasáin “<https://futureu.europa.eu>”. Is tríú Stát é Stáit Aontaithe Mheiriceá nach bhfuil cinneadh leordhóthanachta glactha ag an gCoimisiún ina leith.
 - In éagmais bearta cosanta breise teicniúla agus eagraíochtúla, ní ráthaíocht chuí go dtabharfar cosaint leordhóthanach i Stáit Aontaithe Mheiriceá é sonraí pearsanta an iarratasóra a tharchur chuig faighteoirí atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá ar bhonn clásail chonarthaigh ghinearálta i gcomhréir le hAirteagal 48(2)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725.
2. An dara saincheist dlí: sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra de bhun Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha (an Chairt)
 - Níl na srianta ar chearta bunúsacha an iarratasóra de bhun Airteagail 7 agus 8 den Chairt atá ann de bharr gur féidir le húdaráis na Stát Aontaithe, de bhun dhlí na Stát Aontaithe, na sonraí a tarchuireadh ón Aontas Eorpach chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá a rochtain agus a úsáid, rialaithe ar bhealach atá ag teacht le riachtanais a bheadh coibhéiseach leis na riachtanais faoi dhlí an Aontais de réir an dara habairt d'Airteagal 52(1) den Chairt.
 - Ní thugtar le 50 U.S. Code § 1881a (Section 7022 FISA) ná le Executive Order 12333 na féidearthachtaí ná na cearta do shaoránaigh an Aontais chun iad féin a chosaint i gcoinne rochtain ar a sonraí pearsanta ná na cearta a eascraíonn ó Rialachán (AE) 2018/1725 a fheidhmiú go héifeachtach.
 - Is coinníoll é an ceart rochtana atá ag an iarratasóir de bhun Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1725 chun cearta bunúsacha an iarratasóra de bhun Airteagail 7 agus 8(1) den Chairt a fheidhmiú. De bharr gur mhainnigh ar an gcosantóir ó thaobh na hiarrata ar rochtain, baineann sé an fhéidearthacht den iarratasóir a chearta bunúsacha cosanta a fheidhmiú. Níl údar cuí leis an sárú ar na cearta bunúsacha de bhun Airteagail 7 agus 8(1) den Chairt a bhaineann le mainneachtain an chosantóra.
3. An tríú saincheist dlí: sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra de bhun Airteagal 47 den Chairt
 - Ní fhoráiltear le dlí Stát Aontaithe Mheiriceá d'aon fhéidearthacht le haghaidh cosaint bhreithiúnach i gcoinne údarais slándála agus sheirbhísí faisnéise na Stát Aontaithe teacht ar shonraí pearsanta shaoránaigh an Aontais.
 - Maidir le clár faireacháin údarais slándála agus sheirbhísí faisnéise na Stát Aontaithe – mar shampla, PRISM agus UPSTREAM – atá bunaithe ar 50 U.S. Code § 1881a (Section 702 FISA) agus ar Executive Order 12333 araon, ní thugtar do na hábhair sonraí le Presidential Policy Directive 28 ná Executive Order 12333 cearta a d'fhéadfadh siad a fheidhmiú os comhair na gcúirteanna i dtaca le húdaráis na Stát Aontaithe.
4. An ceathrú saincheist dlí: cur i bhfeidhm mícheart Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus Airteagal 14(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/1725
 - Mhainnigh an cosantóir go neamhdhleathach a chur ar fáil don iarratasóir, i ndiaidh a iarrata ar rochtain an 1 Aibreán 2022, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 17(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe na bearta cosanta de bhun Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2018/1725, laistigh de theorainn ama míosa de bhun na chéad abairte d'Airteagal 14(3) de Rialachán 2018/1725.
 - Mhainnigh an cosantóir go neamhdhleathach, de bhun an dara habairt d'Airteagal 14(3) de Rialachán (AE) 2018/1725, na cúiseanna a chur in iúl maidir le haon fhadú ar an tréimhse chun an fhaisnéis a chur in iúl don iarratasóir, nó, de bhun Airteagal 14(3) agus (4) de Rialachán (AE) 2018/1725, na cúiseanna maidir le diúltú don iarraidh ar rochtain agus na leigheasanna dlí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha a chur in iúl dó laistigh d'aon mhí tar éis an iarraidh ar rochtain a thaisceadh.

5. An cúigiú saincheist dlí: damáiste neamhábhartha a dhéanamh

De bharr gur diúltaíodh d'iarraidh an iarratasóra ar rochtain agus gur tarchuireadh a shonraí pearsanta ar bhealach neamhrialaithe chuig faighteoirí atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i ngeall ar an gcontúirt lena mbaineann i dtaca le faireachán neamhdhleathach ar mhalartuithe ar an idirlíon, bhain damáiste neamhábhartha EUR 1 200 don iarratasóir.

- (¹) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39)

Caingean arna tabhairt an 16 Meitheamh 2022 – LG Chem v an Coimisiún

(Cás T-356/22)

(2022/C 294/57)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: LG Chem, Ltd. (Seoul, an Chóiré Theas) (ionadaithe: P. Vander Schueren agus T. Martin-Brieu, Dlíodóirí)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- An caingean a dhearbhu mar inghlactha;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/547 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí polaiméirí sár-ionsúiteacha de thionscnamh Phoblacht na Cóiré (¹) (“an Rialachán a chonspóidtear”) a neamhniú, a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir;
- A ordú don chosantóir na costais a thabhaigh an t-iarratasóir i ndáil leis na himeachtaí seo a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre saincheisteanna dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe, gur sháraigh sé Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (²) (“an bun-Rialachán”), agus gur sháraigh sé cearta cosanta an iarratasóra le linn anailís a dhéanamh ar éifeacht praghais ar allmhairí ón gCóiré.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe, gur sháraigh sé Airteagail 3(2), 3(5), 3(6) agus 3(7) den bhun-Rialachán agus gur mhainnigh sé cúiseanna a chur in iúl trí anailís a dhéanamh ar chás díobhála tháirgeoirí an Aontais ar bhealach claonta agus tríd an díobháil liomhnaithe a chur i leith allmhairí ón gCóiré, seachas fachtóirí aitheanta eile.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndearna an cosantóir earráidí follasacha measúnaithe, gur sháraigh sé Airteagail 3(3) agus 9(4) den bhun-Rialachán chomh maith le cearta cosanta an iarratasóra tríd an gcorrlach díobhála a chinneadh bunaithe ar uimhir rialaithe táirge simplithe, trí mhainneachtain achoimrí leordhóthanacha neamhrúnda a sholáthar ar ríomhanna an chorrailigh díobhála agus trí mhainneachtain fachtóirí aitheanta díobhála eile a chur in iúl ina chinneadh maidir leis an gcorrlach díobhála.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an cosantóir cearta cosanta an iarratasóra agus an ceart chun dea-riaracháin le linn an imscrúdaithe.

(¹) IO 2022 L 107, lch. 27.

(²) IO 2016 L 176, lch. 21.

Caingean arna tionscnamh an 16 Meitheamh 2022 – Das Neves v an Coimisiún**(Cás T-357/22)**

(2022/C 294/58)

*Teanga an cháis: an Fhraincis***Páirtithe***Iarratasóir:* José das Neves (La Hulpe, an Bheilg) (ionadaí: J.-P. Vandersteen, Dlíodóir)*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh an 12 Deireadh Fómhair 2021 arna ghlacadh ina choinne ag an *[faoi rún]* a chur ar neamhní⁽¹⁾;
- a ordú don chosantóir EUR 20,000 a íoc dó mar chúiteamh i leith an damáiste neamhábhartha agus airgeadais arna dhéanamh dó;
- a ordú don chosantóir na costais go léir a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca lena chaingean i gcoinne chinneadh an Choimisiúin an 12 Deireadh Fómhair 2021 lenar tugadh foláireamh dó, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear earráid fhollasach sa mheasúnú ar choinbhleacht leasa.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear mí-úsáid cumhachta.
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar chearta na cosanta.
4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 21 de Rialachán Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ Sonraí rúnda fágtha ar lár.

Caingean arna tabhairt an 16 Meitheamh 2022 – PQ v SEGS**(Cás T-358/22)**

(2022/C 294/59)

*Teanga an cháis: an Fhraincis***Páirtithe***Iarratasóir:* PQ (ionadaí: S. Orlandi, Dlíodóir)*Cosantóir:* An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- an cinneadh gan an t-iarratasóir a ardú go grád AD12 i gcomhthéacs chleachtadh ardú céime 2021 a chur ar neamhní;
- a mhéid is gá, ardú céime na n-oifigeach atá ar an liosta na n-oifigeach ar tugadh ardú céime dóibh go grád AD12 i gcomhthéacs chleachtadh ardú céime 2021 a chur ar ceal;
- a ordú don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua. Áitíonn an t-iarratasóir, ina leith sin, gur diúltaíodh go hintuigthe don ghearán a chuir an t-iarratasóir i gcoinne an chinnidh atá á chospóid in easnamh ar aon réasúnaíocht.
2. An dara saincheist sa dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin, ar Airteagal 45 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (“na Rialacháin Foirne”) agus ar phrionsabal na córa comhionainne, chomh maith le hearráid fhollasach measúnaithe. De réir an iarratasóra, sáraíodh Airteagal 45 de na Rialacháin Foirne leis an gcinneadh a chonspóidtear agus tá an cinneadh sin mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe a mhéid, ar thaobh amháin, gur léirigh an t-iarratasóir i gcónaí ardfhiúntais cé go gcuireann an cinneadh a chonspóidtear é i staid mhall forbartha gairme agus, ar an taobh eile, gur eascair an t-aon cháineadh amháin a cuireadh san áireamh ina thuarascáil foirne deiridh as earráid fhollasach measúnaithe a d’aithin an t-údarás ceapacháin ina fhreagra an 3 Márta 2022 ar ghearán ón iarratasóir an 28 Deireadh Fómhair 2021. Ar deireadh, áitíonn an t-iarratasóir nach bhfuil córas grádaithe agus ardú céime bunaithe ag an Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí fós lena gceadaítear scrúdú comparáideach a dhéanamh faoi Airteagal 45 de na Rialacháin Foirne i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos sa chásdlí.

Caingean arna tionscnamh an 16 Meitheamh 2022 – Zubitskiy v an Chomhairle

(Cás T-359/22)

(2022/C 294/60)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Evgeny Borisovich Zubitskiy (Moscó, an Rúis) (ionadaithe: P. Zeller agus D. Reingewirtz, Dlíodóirí)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- a dhearbhu go bhfuil Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022, ⁽¹⁾ a mhéid a chuirtear na catagóirí (f) agus (g) le hAirteagal 2(1) de Chinneadh 2014/145/CBES neamhdhleathach agus neamh-infheidhme i leith Evgeny Borisovich Zubitskiy;
- a dhearbhu go gcuirtear Rialachán (AE) 2022/581 an 8 Aibreán 2022 ⁽²⁾ ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé le Evgeny Borisovich Zubitskiy (larscríbhinn I de Rialachán (AE) 269/2014 leasaithe – Uimh. 913);
- a ordú don Chomhairle na costais go léir a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear pléadail neamhdhleathachta i leith Airteagal 2(1) de Chinneadh (CBES) 2022/329 an 25 Feabhra 2022, agus nach bhfuil bunús dlí leis sa mhéid is go gcuireann sé critéir (f) agus (g) le Cinneadh (CBES) 2014/145 an 17 Márta 2014, leasaithe.
2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua maidir le Rialachán (AE) Uimh. 2022/581 an 8 Aibreán 2022, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, agus go dtugadh neamhaird ar Airteagal 296 CFAE a lean as an méid sin.
3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearnadh earráid dlí agus gur lean neamhaird a dhéanamh ar Airteagal 215 CFAE as sin, sa chaoi nach bhfuil gá le Rialachán (AE) Uimh. 2022/581 an 8 Aibreán 2022 a ghlacadh, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, chun na cinntí arna nglacadh de bhun Airteagal 29 CAE agus go háirithe an Cinneadh (CBES) 2022/329 an 25 Feabhra 2022 a chur chun feidhme.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearnadh earráid fhollasach measúnaithe sa chaoi nach gcomhlíontar gnéithe na gcritéar (f) agus (g) de Chinneadh (CBES) 2022/329 an 25 Feabhra 2022, atá mar bhunús do ghlacadh Rialachán (AE) Uimh. 2022/581 an 8 Aibreán 2022, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir.
5. An cúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear míchruinneas ábhartha na bhfíoras a mhéid is go bhfuil an fhianaise líomhnaithe ar a raibh an Chomhairle ag brath chun Rialachán (AE) Uimh. 2022/581 an 8 Aibreán 2022 a ghlacadh, a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir, (i) bunaithe go heisiach ar fhaisnéis, uaireanta ó bhreis is cúig bliana ó shin, a fuarthas ó shuíomhanna gréasáin (a bhí roinnt dóibh, rucompromat ach go háirithe, gan aon oibiachtúlacht) agus (ii) gur léiríodh léi, uaireanta, fíorais mhíchearta.
6. An séú saincheist dlí, lena n-éilítear go ndearnadh sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra sa chaoi go bhfuil Rialachán (AE) Uimh. 2022/581 an 8 Aibreán 2022, a mhéid a bhaineann sé leis, mar shrian gan údar cuí agus díreireach ar a chearta bunúsacha, a bhfuil an ceart chun maoiné ina measc, a chumhdaítear le hAirteagal 17 den Chairt um Chearta Bunúsacha, agus an tsaoirse chun gnó a sheoladh, in Airteagal 16 den Chairt sin.

- (¹) Cinneadh (CBES) 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 50, lch. 1).
- (²) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022, lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 110, lch. 3).

Caingean arna tabhairt an 16 Meitheamh 2022 – Berezkin v an Chomhairle

(Cás T-360/22)

(2022/C 294/61)

Teanga an cháis: an Fhraincis

Páirtithe

Iarratasóir: Grigory Viktorovitsj Berezkin (Moscó, an Rúis) (ionadaí: J. Grand d'Esnon, Dlíodóir)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh (CBES) 2022/582 (¹) ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 a chur ar neamhní a mhéid a chuimsíonn sé ainm an iarratasóra san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 (²) ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 a chur ar neamhní a mhéid a áirítear ainm an iarratasóra ann in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2014/269 ón gComhairle an 17 Márta 2014;
- a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh 1 euro a íoc mar dhamáiste neamhábhhartha;
- a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheisteanna dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil na pionóis a forchuireadh ar an iarratasóir mídhleathach sa mhéid is go bhfuil siad mar thoradh ar earráid fhollasach measúnaithe, ar an bhforas nach bhfuil baint ar bith ag an iarratasóir leis na himeachtaí atá ar siúl san Úcráin agus nach dtacódh sé le rialtas Chónaidhm na Rúise.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go ndéantar neamhaird ar an gceart chun imeachtaí breithiúnacha éifeachtacha agus ar an oibleagáid atá ar an gComhairle cúiseanna a thabhairt. Éilíonn an t-iarratasóir gurb iad na foinsí amháin a sholáthraíonn an Chomhairle ná ailt preasa nó sleachta as suíomhanna ghréasáin agus mar sin nach féidir leis na critéir cruthúnais a thugann údar le smachtbhannaí a ghlacadh a chomhlíonadh.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go ndéantar neamhaird de phrionsabal na comhréireachta agus prionsabal na córa comhionainne. De réir an iarratasóra, níl aon nasc ábhartha idir é féin agus beartas na Rúise san Úcráin agus, dá bhrí sin, níl baint ag na smachtbhannaí le haon cheann de chuspóirí an Chinnidh agus Rialachán an 17 Márta 2014⁽³⁾.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na dlíthiúlachta. Maidir leis sin, maíonn an t-iarratasóir mídhleathacht na gcritéir faoi f) agus faoi g) den chinneadh agus de Rialachán an 17 Márta 2014 sa mhéid is go ndéantar neamhaird leo ar na hoibleagáidí atá ar an gComhairle faoi Airteagal 215(2) CFAE, chomh maith le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla.
5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear ag líomhain sárú ar chearta bunúsacha an iarratasóra agus, go háirithe, ar an gceart chun maoine agus ar a shaoirse teacht agus imeacht.
6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear go ndéantar neamhaird ar chearta cosanta an iarratasóra sa mhéid nár chuir an Chomhairle in iúl dó ina haonar na téarmaí agus na cúiseanna sonracha lena áireamh ar liosta na ndaoine ar díriodh orthu leis na smachtbhannaí. Dá bharr sin, ní raibh an t-iarratasóir in ann a thuairimí orthu a chur in iúl.
7. An seachtú saincheist dlí maidir le héileamh ar chúiteamh. Measann an t-iarratasóir go ndearnadh damáiste tromchúiseach dá chluí agus éilíonn sé cúiteamh ina leith.

⁽¹⁾ Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 110, lch. 55).

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 110, lch. 3).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO 2022 L 78, lch. 6).

Caingean arna tabhairt an 17 Meitheamh 2022 – Akhmedov v an Chomhairle

(Cás T-363/22)

(2022/C 294/62)

Teanga an cháis: an Béarla

Páirtithe

Iarratasóir: Farkhad Teimurovich Akhmedov (Baku, Azerbaijan) (ionadaí: W. Julié, Dlíodóir)

Cosantóir: Comhairle an Aontais Eorpaigh

An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

- Cinneadh (CBES) 2022/582 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin⁽¹⁾ (“an Cinneadh a chonspóidtear”) a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/581 ón gComhairle an 8 Aibreán 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin⁽²⁾ a chur ar neamhní a mhéid a bhaineann sé leis an iarratasóir;
- A ordú don chosantóir an damáiste ábhartha agus neamhábharta a bhain don iarratasóir a chúiteamh;
- A ordú don chosantóir costais agus caiteachais iomlána na n-imeachtaí, lena n-áirítear iad siúd a thabhaigh an t-iarratasóir i ndáil lena chosaint, a íoc.

Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go bhfuil Airteagal 2(1)(g) de Chinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ⁽¹⁾, arna leasú le Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2022/329 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ⁽²⁾, agus Airteagal 3(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ⁽³⁾, arna leasú le Rialachán (AE) 2022/330 ón gComhairle an 25 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ⁽⁴⁾, mídhleathach agus go sáraítear leo prionsabail na comhréireachta, na deimhneachta dlíthiúla agus chomhionanna córa comhionainne.
2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an oibleagáid cúiseanna a thabhairt.
3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach sa mheasúnú ar na fíricí.
4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú díréireach ar an gceart chun maoine.

⁽¹⁾ IO 2022 L 110, lch. 55.

⁽²⁾ IO 2022 L 110, lch. 3.

⁽³⁾ IO 2014 L 78, lch. 16.

⁽⁴⁾ IO 2022 L 50, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO 2014 L 78, lch. 6.

⁽⁶⁾ IO 2022 L 51, lch. 1.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA